Shiombailligh an bachall Íosa. Díreach mar a taispeáin an bachall chumhacht miorúilteacht os comhair Maois, a d’ionadaigh Dia, bhí Íosa le teacht le cumhacht den sórt sin agus miriúiltí a dhéanamh roimh Dhia féin. Ina theannta sin, soláthraíonn bachall cosanta agus tacaíochta do dhaoine le brúigh ar; leadraíonn sé éagóirt agus treoiríonn sé daoine ar an gcosán ceart. Ag siombailliú Íosa, nochtaigh bachall Maois na misin a bhí Íosa le chur i gcrích ar a theacht.

Shiombailligh an t-athrú bachall Maois isteach i nathair freisin obair Íosa. Cuir Íosa é féin i gcomparáid le nathair, ag rá, “Faoi mar a d’ardaigh Maois an nathair nimhe san fhásach, sin mar a chaithfear Mac an Duine a ardú...” (Eoin 3:14) Dúirt sé freisin lena dheisceabail: “Bígí chomh géarchúiseach leis an nathair nimhe ...” An bhrí leis an ráiteas seo dar le Íosa ná le rá gur tháinig sé mar an nathair maith d’eagna a mheallann agus stiúireann daoine tite ar an cosán na maitheasa. Bhí sé dá bhrí sin le h-athchóiriú tríd slánaíocht an Titim a ba chúis an nathair olc a cathaigh go h-ealaíonta na chéad sinsear daonna. Dá bhrí sin, bhí a dheisceabail le fhoghlaim eagna Íosa agus treoir a thabhairt do dhaoine peachach insan treo na maitheasa. Ina theannta sin, nuair a d’ith nathair Maois nathracha na draíodóirí, thagraigh sé go mbeadh Íosa teacht mar an nathair neamhaí chun an nathair olc, Sátan a sliogadh agus scriosadh.

Tugadh an dara comhartha nuair a cuir Maois, ar ordú Dé, a lámh isteach ina bhrollach agus d’éirigh sé lobhrach. Ansin ordaigh Dia dó a lámh a chur isteach ina ucht an dara huair, agus bhí sé bisithe. Réamhtheaspáin an miorúilt seo go siombaillach go dtiocfaidh Íosa mar an dara Ádhamh agus, le chéile lena brídeog le rún aici dul a bpósadh (an dara Éabha, léirithe níos déanaí insan Spiorad Naomh) dhéanfaidh obair na fuascailte. Shiombailligh an chéad uair a cuir Maois a lámh isteach ina bhrollach agus bhí sé lobhrach an Árdaingeal ag glacadh Éabha chuig a bhrollach, gníomh a thruailligh daonnachta le pheaca doleigheasta. Réamhtheaspáin an dara huair a cuir Maois a lámh isteach ina bhrollach agus bhí sé bisithe go dtiocfaidh Íosa, an Athair Fíor, agus go n-athchóirfidh sé a bhríde, an Máthair Fíor, agus go mbeadh siad ag cuimsiú daonnachta ag thabhairt dóibh athbhreith “ar nós na circe is a hál faoina sciatháin” (Matha 13:34). Bheadh Athchóiriú ansin críochnaithe.

Leis an tríú comhartha a dhéanamh, treoraigh Dia Maois uisce a dhoirteadh as na Níle ar an talamh agus go n-athrófidh sé go fuill. Luíonn an siombalachas den comhartha seo i n-uisce, substaint neamhorgánach, á chlaohlú go fola, an tsubstaint na beatha. Is siombail bíoblácuil é uisce do na iliomad tite nach bhfuil aon bheatha iontu. Dá bhrí sin, réamhtheaspáin an comhartha seo go dtiocfaidh Íosa agus an Spiorad Naomh agus go n-aiséiríodís daonnachta tite, briseadh den bheocht, chun a bheith na páistí beo de Dhia. Dhéan Dia Maois agus Aaron na trí comharthaí a theaspáin d’fhonn coinníollacha slánaíochta siombalach a chomhlíonadh ar a mbeadh Íosa agus an Spiorad Naomh in ann teacht níos déanaí chuig Iosrael mar Tuismitheoirí Fíor.

Bheadh siad le h-athchóiriú bunús an bonn ceithre phost a bhí caillte go Sátan agus athsaoladh a thabhairt do gach daonnachta mar a leanáí.

Nuair a d'iarr Maois, nach raibh deaslabhartha, ar Dia i gcomhair dhuine chun labhairt ar a shon, soláthair Dia deartháir sine Maois, Aaron, agus chomh maith leis sin, Miriam an banfháid. Réamhtheaspáin seo go siombaillach go tiocaidh Íosa agus a Bhríde-le-bheith, na h-ionchiollíú den Bhriathar, chun an cinne daonna-a bhí an Briathar caillte acu ag an Titim-mar na h-ionchoilliú den Bhriathar. Insan gcúrsa le Canán a h-athchóiriú, tugadh an misean d'Aaron agus Miriam seasamh suas do toil Maois, a bhí i n-áit Dé, agus ceannaireacht a fheidhmiú ar a shon. Sa todchaí, bheadh Íosa agus an Spiorad Naomh le seasamh suas do Toil Dé insan cúrsa domhanda le Canán a h-athchóiriú agus an misean a ghlacadh do fhuascailt ár pheaca.

Ar ordú Dé, chuaigh Maois chun buaileadh leis an Faró. Ar a bhealach, theaspáin an Tiarna os a chomhair agus rinne sé iarracht é a mharú. Shábháiltar saol Maois nuair a timpeallghearr a bhean chéile Zipporah a mac. Chabhraigh sí do Maois an triail a shárú agus a gcuid teaghlach a shábháil. Bhí sé toisc an timpeallghearr seo a d'fhéadfaidh na h-Iosráelítigh a bheith saortha ón Éigipt. Réamhtheaspáin sé go fiú nuair a tháinig Íosa, níorbh fhéidir obair Dé an tslánaithe a chur i gcrích ach amháin má rinneadh na daoine timpeallghearr inmheánach.

Lig dúinn scrúdú a dhéanamh ar an tábhacht níos doimhne de timpeallghearradh. Nuair a thit an chéad sinsear daonna trí caidreamh gnéis le Sátan, fuair siad an fuil de bháis trí an orgán gnéasach fireann. Le linn an cúrsa do dhaoine tite a h-athchóiriú mar leanáí Dé, bhunaigh Dia an deasgnáth timpeallghearr mar choinníoll slánaíochta: ag gearradh forchraiceann an orgán gnéasach fireann agus ligean fola sreabhadh as é. Shiombaillíonn timpeallghearr an bhaineadh as de fola an bháis. Is comhartha é freisin timpeallghearr de athchóiriú cearta daonna d'tiarnas agus chomhartha gealltanais go n-athchóirfidh Dia daoine mar A leanáí fíor. Tá trí chineál de timpeallghearr: timpeallghearr an chroí, timpeallghearr an forchraiceann, agus timpeallghearr de gach uile rud.

Tríd na deich plánna, rinne Dia Maois saoirse a fháil dona h-Iosráelítigh ó Éigipt. Réamhtheaspáin é seo, freisin, go dtiocfaidh Íosa sa todhchaí le míorúiltí agus comharthaí i n'fhonn daoine roghnaithe Dé a shábháil. Nuair a bhí Iocaib ag fulaingt bliain is fiche de chruatan i Haran, claonbheartaigh Laban Iocaib deich n-uaire, agus níor thug sé dó a chuid pá dlite. Mar an gcéanna, i gcúrsa Maois, a bhí patrúnta ar cúrsa Iocaib, ní amháin gur lean an Faró ag cráigh na h-Iosraelítigh thar an tréimhse ama réamhshocraithe, bhuaíl sé bob ortha freisin deich n-uaire leis an gealltanais bréagach go raibh sé chun scaoileadh leo. Mar cúiteamh ar seo, bhí Dia i dteideal Faró a bhuaileadh leis na deich plánna. I measc iad, bhí tábhacht faoi leith ag an naoú agus deichiú plá.

Maidir leis an naoú plá, cumhdaigh Dia Éigipt i dorchadas tiubh ar feadh trí lá, fhaid is a bhí na háiteanna inár chónaigh na h-Iosráelítigh i solais. Réamhtheaspáin sé sin go nuair a tháinig Íosa, bheadh blaincéad dorchadas thar réimse Sátan agus ag an am céanna bheadh solais ag taitheamh ar phobal Dé, agus bheadh na dá thaobh le bheith scartha. Maidir leis an deichiú plá, maraíodh Dia na céadrugadh go léir i measc na hÉigiptigh agus a gcuid eallaigh, fhaid is a threoirigh Sé do na hIosraeilítigh fuil uain a phéinteáil ar an lindéir agus phoist doirse a gcuid tithe ionas go mbeadh aingeal an bháis in ann dul thar os a gcionn. Bhí céadrugadh na hÉigiptigh, ar an taobh satánac i seasamh Cáin. Bhuaíl Dia iad i n'fhonn na h-Iosráelítigh a h-athchóiriú, i seasamh na dara mac Áibíl, go sheasamh an mac ba shine. Ghabh Sátan seilbh ar seasamh an mac ba shine agus dá bhrí sin ghlac an tosach le linn cúrsa na staire, ag fágáil Dia ag tóiríocht.

Réamhtheaspáin an plá seo gur ag teacht Íosa, go mbeadh éag ar taobh Sátan, fhaid is a bheadh an dara mac, i seasamh ar taobh Dé, shábháilte ag fhuascailt fola Íosa. Thóg Maois saibhreas flúirseach as Éigipt. Réamhtheaspáin seo an athchóiriú de gach rud, le tarlúint ag teacht Íosa.

Tar éis gach plá, rinne Dia croí Faró níos cruaithe. Bhí go leir cúiseanna leis seo. Ar an gcéad dul síos, trí léiriú arís agus arís a chuid cumhachtaí, theastaigh Dia a thaispeáint leis na h-Iosráelítigh go raibh Sé Dia. Sa dara dul síos, theastaigh Dia don Faró a n-iarrachtaí is fearr a dhéanamh i ghabháltas ar an h-Iosráelítigh sula chuir Sé iachall air a thabhairt suas dóibh; ansin bheadh an Faró bheith in ann tuiscint cé comh gan cumhacht a bhí sé féin agus thréigean aon ceangail fadálach leis h-Iosráelítigh tar éis a d'fhágadar. Sa tríú háit, theastaigh Dia do na h-Iosráelítigh a ghearradh as a gceangal leis an Éigipt trí mothúcháin láidre de naimhdeas a spreagadh iontu in aghaidh an Faró.

D'oibrigh Dia an dispeansáid chun tús a chur leis an chéad chúrsa náisiúnta le Canán a h-athchóiriú nuair a mharaigh Maois an Éigipteach. Áfach, tobSCOIREADH an cúrsa seo nuair a bhí na daoine mí-amhrasach i Maois. Insan dispeansáid chun tús a chur leis an dara cúrsa náisiúnta, bhronn Dia trí comharthaí agus deich plánna leis na h-Iosráelítigh. Nuair a chonaic na h-Iosráelítigh na míorúiltí seo, tháinig siad chun a chreidiúint go raibh Maois sheolta go fírinneach ag Dia mar a n-cheannaire. Chreid agus leannadar Maois, an figiúr Áibíl a leag an bhunús náisiúnta an chreidimh. Dá réir sin, d'fhéadfadh na h-Iosráelítigh dul ar an dara cúrsa náisiúnta le Canán a h-athchóiriú.

Mar sin féin, bhí an gcoinníoll slánaíochta de bhaint as an nádúr tite ag teastáil le níos mó as na h-Iosráelítigh ná iontaobhas ghearrthréimseach i agus umhlaíocht do Maois fhaid is a bhí sé ag obair na míorúiltí seo. Mar gheall ar a n-teip roimhe sin an coinníoll seo a chomhlíonadh, mhaígh Sátan an gcúrsa iomlán deonach le Canán a h-athchóiriú. Anois, bhí ar na h-Iosráelítigh an cúrsa sin a h-athchóiriú trí fanacht dílis agus umhal le Maois ar feadh ré a n-aistear. Ach amháin insan treo seo a mbeadh siad bheith in ann a chomhlíonadh an coinníoll slánaíochta náisiúnta do bhaint as an nádúr tite. Go dtí go raibh an bhfásach trasníthe acu le creideamh diongbháilte i Maois agus gur chuaigheadar isteach i dtalamh Canaan, ní bheadh bhunús náisiúnta na substainte bhunaithe.

Rinneadh an dispeansáid chun tús a chur leis an dara cúrsa náisiúnta le Canán a h-athchóiriú le níos mó grásta ná sin den chéad chúrsa. Ach, ós rud é go raibh an síneadh de bharr a díchreidheamh, bhí an coinníoll slánaíochta a bheadh ar na h-Iosráelítigh a chomhlíonadh dá réir níos troime. Sa chéad cúrsa, má leanfaidh na h-Iosráelítigh Maois, béidís ina stiúir ar feadh an bealach díreach tríd an talamh na bhFilistíneach agus d'fhéadfaidh siad dul isteach i gCánan i fiche h-aon laethanta-tréimhse arb ionann le cúrsa fiche bliain Iocaib i Haran. Mar sin féin, sa dara cúrsa, níor threoirigh Dhia na daoine ar feadh an bhealach díreach. Bhí Sé buartha go nuair a thánadar ar na Filistíneach chogaidh, d'fhéadfadh siad dul arís i ndíchreid agus filleadh ar Éigipt. Ina h-ionaid sin, stiúir Dia iad trasna an Mhuir Rua agus tríd an bhfásach i cor bealaigh fada. Bheartaigh Dia chun iad a thabhairt isteach i gCánan i ndiaidh mí is fiche.

Dá bhrí sin, thosaigh na h-Iosráelítigh cúrsa fiche h-aon mí sa bhfásach faoi cheannaireacht Maois. Lig dúinn staidéar a dhéanamh ar an gcúrsa seo agus féachaint conas a sheirbháil sé mar an cúrsa eiseamláir do Íosa daonnachta a stiúir ar an gcúrsa domhainda le Canán a h-athchóiriú.

Nuair a thug an Faró cead doichead do Maois dona h-Iosráelítigh chun íobairtí a dhéanamh san Éigipt, D'éiligh Maois níos mó, ag rá:

Ach dúirt Maois: “Níor chóir sin a dhéanamh, mar is ainmhithe is diamhasladh leis na hÉigiptigh a mharú a dhéanfaimidne a íobairt don Tiarna ár nDia. Má íobraímid os comhair súile na hÉigipteach ofrálacha is gráin leo, nach ngabhfaidh siad de chlocha orainn? isteach san fhásach chun íobairt a dhéanamh don Tiarna ár nDia mar a d’ordaigh sé. Caithfimid aistear trí lá a dhéanamh “Ligfidh mé daoibh,” arsa Forann, “dul agus íobairt a dhéanamh don Tiarna -Exod. 8: 26-27

D’iarr Maois do chead trí lá saoire le hintinn bob a bhualadh ar an Faró agus na daoine a stiúir amach as an Éigipt ar fad.

Bhí an tábhacht céanna ag an tréimhse trí lá seo le turas trí lá Ábhram go Sliabh Moriah, a bhí de dhíth air chun a chuid ceangail le Sátan a gearradh sula bhféadfadh sé Íosaic a thairiscint mar íobairt. Ó am Ábhram, ba é seo an tréimhse slánaíochta a theastaíonn le scaradh ó Sátan ag tús de chúrsa deonú. Nuair a thosaigh Iocuib faoi an gcúrsa le Cánan a h-athchóiriú, bhí tréimhse trí lá nuair a ghearr sé amach ceangail go Sátan trí bob a bhuaileadh ar Laban agus Haran a fhágáil. Mar an gcéanna, ag tús an chúrsa náisiúnta seo, d’iarr Maois cead trí lá saoire le hintinn bob a bhuaileadh ar an Faró agus fuascailliú a fháil dá chuid daoine ó schlábháocht. Tosnófaidh Íosa, freisin, an cúrsa spioradálta athchóirithe ach amháin tar éis dul trí trí lá do an scaradh ó Sátan roimh a h-aiséirí buacach.

D’imigh na h-Iosráelítigh, uimhrithe de 600,000 éigin de réir an Bíobla, ó Rameses ar an cúigiú lá déag den chéad mhí de réir an féilire Eabhrach. Sheasadar leis Toil Dé le linn an turas trí lá go dtí a chéad láthair campála ag Succoth. Ón am sin amach, dheonaigh Dia leo an grásta de cholún néil i rith an lae agus colún tine san oíche chun a mbealach a treoiriú. Shiombailigh an colún néil a stiúir na h-Iosráelítigh i rith an lae Íosa (yang), a bheadh lá amháin i gceannas ar daoine na h-Iosrael sa cúrsa domhainda le Cánan a h-athchóiriú. Shiombailigh an colún tine san oíche (yin) an Spiorad Naomh, a bheadh a threorú iad mar an Spioraid baininsneach.

Ag an geladach na Mara Rua, ar ordú Dé, sín Maois amach a maide agus scar sé na huiscí; ansin stiúir sé na h-Iosráelítigh trasna ar thalamh tirim. Báthadh na hÉigiptigh a raibh ar tóir ortha i gcarbad nuair a dhún na huiscí suas agus slogadh iad. Mar Míniú níos luaithe, d’ionadaigh Maois Dia os comhair an Faró, agus shiombailigh maide Maois Íosa, a bheadh chun léiriú chumhacht Dé sa todhcháil. Dá réir sin, réamhtheaspáin an miriúlt seo an cad a bhí le tarlúint nuair a tháinig Íosa. Rachaidh Sátan ar tóir na cinn dílis a lean Íosa i siúl an cúrsa domhainda le Cánan a h-athchóiriú, ach ardófaidh Íosa an tslat iarann agus a buailfidh sé farraige trioblóideach an tsaoil seo. Tiofadh scoilt insna h-uiscí agus nochtadh ar cosán mín ar a bhféadfaidh na creidhmhigh siúl, cé go mbeadh Sátan ina thóir le fáil bás.

Thrasnaigh na h-Iosráelítigh an Mhuir Rua agus tháineadar ar an bhfásach na Pheaca a ar an cúigiú lá déag den dara mí. As sin go dtí an lá a tháineadar ar thalamh ináitrithe, bheathaigh Dia dóibh le manna agus gearg. Ciallaigh an manna agus gearga feoil agus fuill slánaithe Íosa, a bheadh Dia a chur ar fáil i rith an cúrsa domhanda le Cánan a h-athchóiriú. Dá bhrí sin, dúirt Íosa:

D’ith bhur n-aithreacha manna san fhásach agus fuair siad bás. . . Is mise an t-arán beo a tháinig anuas ó neamh. Má itheann duine an t-arán seo mairfidh sé go deo . . . mura n-íosfaidh sibh feoil Mhac an Duine, agus a chuid fola a ól, ní bheidh beatha agaibh ionaibh. -Eoin 6:49-53

Nuair a d'fhág na h-Iosráelítigh an Bhfásach de Peaca, agus campáileadar ag Refidim, ní raibh aon uisce do na daoine le n-ól. D'ordaigh Dia d'Maois an charraig ag Horeb a bhuaileadh go bhféadfadh uisce teacht amach as. Rinne Maois é agus amhlaidh thug sé an t-uisce do dhaoine i n'fhonn a gcuid saoil a shábháil. Scríobh Naomh Pól, “ba é Chríost an Carraig.” Dá réir sin, réamhtheaspáin miriúilt an t-uisce ag teacht as an charraig go mbeadh an Meisias le shábháil na daonnachta ar fad le uisce na beatha, faoi a ndúirt Íosa, “Ach má olann aon duine an t-uisce a thabharfaidh mise dó, ní bheidh tart air go brách na breithe.” Shiombailligh an dá leaca cloiche a fuarthas Maois ar Shliabh Shíonáí, Íosa agus a Bríde le bheith; 's shiombailligh an charraig, a raibh an fhréamh na leaca cloiche, Dia. Nuair a bhuail Maois an charraig agus thug uisce do na daoine, leag sé seo an dúshraith ar go bhfhéadfadh Maois fháil ar na leaca cloiche agus Áirc an Chonartha agus an Taibernacail a thógáil.

Throid Iosiúa leis an Amalekites ag Refidim. Aon uair a bhí lámha Maois suas, bhí na h-Iosráelítigh i réim; aon uair a lig Maois a lámha titim, d'fhulaing siad a'mhalairt. Cuir Áron agus Hur Maois ag suí ar carn de clocha agus coiméadar a lámha suas ar thaobh na láimhe clé agus dheas, rud a chumasú Iosiúa rí na h-Amalekites agus a trúpaí a threascair. Réamhtheaspáin seo freisin cad a tharlódh nuair a tháinig Íosa. Shiombailligh Iosiúa na creidhmhigh, shiombailligh na h-Amalekites an domhan satánac, agus shiombailligh Áron agus Hur Íosa agus an Spiorad Naomh. Réamhtheaspáin Áron agus Hur ag coiméad suas lámha Maois agus tabhairt cabhair d'Iosiúa na h-Amalíkites a threascair, go mbuachfaidh daoine dílis a h-adhraíonn an Tríonóide-Dia, Íosa agus an Spiorad Naomh- thar gach diabhal os á gcomhair.

2.2.2.3 An Deonú na h-Athchóiriú agus an Taibernacail

Fuair na h-Iosráelítigh na leaca cloiche, an Taibernacail, agus Áirc an Chonartha. Lig dúinn ar dtús scrúdú a dhéanamh ar conas a fuair siad iad. Tháinig na h-Iosráelítigh isteach go bhfásach Shíonáí ag tús an tríú mí, tar éis a mbua thar na h-Amalekites. Thóg Maois ansin seachtó seanóirí agus dreapadar Shliabh Shíonáí chun buaileadh le Dhia. Glaodh Maois ar a aonar chun cruinniú le Dhia ag an mullaigh de Shliabh Shíonáí, nuair a d'ordaigh Dhia dó staonadh ar feadh daichead lá i n'fhonn a fháil ar na Deich nAitheanta inscríofa ar na leaca cloiche. Le linn a staonadh, fuair Maois treoracha Dé maidir leis Áirc an Chonartha agus an Taibernacail. Nuair a bhí an staonadh daichead lá thart ghlac Maois dhá leaca cloiche, inscríofa ag mhéar Dé leis na Deich nAitheanta.

Nuair a tháinig Maois síos ó Shliabh Shíonáí leis an dá leaca cloiche agus chuaigh sé os comhair na h-Iosráelítigh, fuair sé iad ag adhradh lao órga. Le linn neamhláithreachas Maois, bhí treoir tugtha dóibh d'Áron é a dhéanamh, agus nuair a d'aimsigh sé é, d'fhógair siad go raibh sé seo an dia a thógadar amach iad as an Éigipt. Dó fearg Maois te nuair a chonaic sé é seo. Chaith sé síos na leaca cloiche agus bhris sé iad ag bun na sliabha. Thaispeáin Dia arís le Maois agus dúirt sé leis péire eile leaca cloiche a bhreacadh comhionann leis an gcéad péire, ag geall go n-inscríobhadh sé na Deich nAitheanta ortha arís. Cuir Maois é fhéin i láthair roimh Dhia arís ar an sliabh agus staon sé ar feadh daichead lá don dara huair. Dheachtaigh Dia na Deich Aitheanta chuig Maois, agus scríobh Maois iad ar na leaca. Thóg Maois na leaca agus chuaigh sé os comhair na h-Iosráelítigh arís. An t-am seo onóir siad Maois. I n-umhlaíocht lena chuid treoracha, thóg siad Áirc an Chonartha agus tógadh an Taibernacail.

2.2.2.3.1 An Tábhacht agus Cuspóir na Leaca Cloiche, an Taibernacail agus Áirc an Chonartha

Cad a léirigh na leaca cloch? Nuair a fuairthas Maois na leaca cloiche inscríofa le Briathar Dé, léirigh seo ritheadh Aois an Deonú le Bhunús na h-Athchóiriú a leagadh, nuair a d'fhéadfadh daoine tite baint le Dia ach trí íobairtha agus tús Aois an Deonú na h-Athchóiriú, nuair a d'fhéadfaidís baint le Dia trí an Bhriathar nochtaithe. Míníodh roimhe dá mbeadh Ádhamh agus Éabha, a cruthaíodh trí an Bhriathar, chun bheith foirfe, bheadh siad le bheith na h-ionchoilliú den Bhriathar. Ina h-áit sin, thiteadar agus chailleadar an Bhriathar. Fuairthas Maois na dá leaca inscríofa leis an Bhriathar i ndeireadh tréimhse daichead lá le scaradh ó Sátan. Léirigh sé seo an athchóiriú siombalach d'Ádhamh agus Éabha mar ionchoilliú an Bhriathar. Dá réir sin, shiombailligh an dá leaca athchóiriú Ádhamh agus Éabha, agus chomh maith leis sin shiombailligh siad Íosa agus a Bhríde le-bheith, a bhí le teacht mar na h-ionchoilliú den Bhriathar. Tá Críost shiombaillithe sa Bhíobla le cloch bán, agus tá sé scríofa, “ba ea Críost an charraig sin” (1 Cor 10:4) Mar shiombail d'Íosa agus a Bhríde le bheith, bhí na leaca cloiche shiombail de neamh agus talamh chomh mhaith.

Ar aghaidh, cad a shiombailligh an Taibearnacail? Cuir Íosa a cholainn i gcomparáid leis an Teampaill i nIarúsáilim. Muidne a chreideann dó tugtar teampaill Dé orainn. Mar sin de ba ea an Teampaill mar ionadaíocht d'Íosa i n-íomhá. Má éirigh leis an h-Iosráelítigh sa chéad chúrsa athchóiriú Cánan faoi cheannaireacht Maois, ansin chomh luath agus a chuaigheadar isteach i dtalamh Cánan bheadh an Teampaill tógtha acu agus bhéidís á n'ullmhú le glacadh an Meisias. Ach mar gheall ar a n-díchreidheamh tobscoireadh an chéad chúrsa ag an tús. Sa dara cúrsa, stiúir Dia iad ar bhealach timpeallán trasna an Mhuir Rua agus tríd an bhfásach. Níorbh fhéidir Dia a dhéan orthu an Teampaill a thógáil, ach ina ionad sin bhí A réiteach le haghaidh an Taibearnacail, a d'fhéadfaí a bhogadh ó áit go háit, mar a chur ina ionad. Cosúil leis an Teampaill, bhí an Taibearnacail ionadaíocht d'Íosa, ach in shiombail. Nuair d'ordaigh Dhia Maois an Taibearnacail a thógáil, dúirt sé, “Agus déanaidís sanctóir dom go lonnaí mé ina measc.” (Eax 25:8)

Roinneadh an Taibearnacail ina dhá chuid: an áit naofa (tearmann) agus an áit is naofa (is naofa de naofa). Ní fhéadfaí ach an ard-sagart dul isteach insan áit is naofa, agus ní ach uair amháin sa bhliain nuair a dhéanaigh an íobairt ar an Lá an Leorghnímh. Ba é an áit is naofa an áit inar choinnigh an Áirc an Chonartha. Seo an áit inar chuir Dia É féin i láthair. Shiombailligh sé spiorad Íosa. Insan áit naofa bhí seastán lampa, altóir túise agus bord don t-Arán na Láithreachta, inár freastal na sagairt thar go laethúil. Shiombailligh sé corp Íosa. Ina theannta sin, shiombailligh an áit is naofa an domhain spioradálta, fad is a shiombailligh an áit naofa an domhan fisiceach. Nuair a céasadh Íosa, stróiceadh an curtín idir an áit naofa agus an áit is naofa in dhá, ó bharr go bonn. Chiallaigh sé seo gur leagtha céasadh Íosa an bhunús le haghaidh slánú spioradálta, nuair a osclaíodh an geata idir spiorad agus colainn, nó idir neamh agus talamh.

Cad a shiombailligh Áirc an Chonartha? Cumhdaithe san áit is naofa, bhí insan Áirc na fianaisí do conartha Dé. Coinníodh istigh ann na dá leaca cloiche, a shiombailligh Íosa agus a Bhríde-le-bheith agus neamh agus talamh. Chomh maith leis sin coinníodh ann manna, príomhbhia na h-Iosráelítigh le linn a gcúrsa sa bhfásach, a shiombailligh corp Íosa. Cuireadh an manna taobh istigh de crúsca órga, a shiombailligh glór Dé. Coinníodh Áirc an Chonartha maide Áron freisin, a léirigh cumhacht Dé trí eascróga a sceitheadh agus a chuir amach.

Mar sin d'ionadaigh an Áirc na cosmos agus, ag an am céanna, ba ionadaíocht níos lú é den Taibearnacail.

Cuireadh an suíochán trócaire ar bharr an Áirc an Chonartha. Bhí curtha dhá ceiribín déanta d'ór tuargainte ar an dá deireadh don suíochán trócaire, ag scáil air le a sciatháin. Geall Dia go theaspáineadh Sé go pearsanta os cionn an suíochán trócaire, idir na ceiribíní, agus ansin d'fhéadfaidh Sé treoir a thabhairt don a h-Iosráelítigh. Réamhtheaspáin sé seo go nuair a thaghadh Íosa agus a Bhríde, siombaillithe ag na leaca cloiche, agus glanfaidís peacaí na ndaoine, theaspáineadh Dhia thar an suíochán trócaire agus osclófaidh Sé cosán idir an ceiribín a bhac an mbealach go crann na beatha sa Ghairdín Éidin. Bheadh gach duine ansin bheith in ann teacht roimh Íosa, an crann na beatha, agus a fháil ar an iomlán de Bhriathar Dé.

Cad chuige a thug Dia na leaca cloiche, an Taibearnacail, agus Áirc an Chonartha? Nuair a thosaigh na h-Iosráelítigh amach i gcomhair an bhfásach tar éis an tréimhse slánaíochta ceithre céad bliana a comhlánú tabhaíodh de bharr botún Ábhram sa tairiscint, bhuaill Dia na hÉigiptigh le comharthaí agus plánna agus bád go leor de shaighdiúirí Éigipteach a rinne iarracht na h-Iosráelítigh a leanúint trasna an Muir Rua. Níorbh fhéidir na h-Iosráelítigh filleadh ar an Éigipt, ní amháin mar gur thoirmeasc Dia é, ach toisc go thánadar chun a bheith naimhde searbh na hÉigiptigh. Ní raibh aon rogha acu ach an turas go dtí Canán a críochnú; Bhíodar tiomáinta ag Dia thar an pointe nach raibheadar in ann filleadh ar ais. Mar sin féin, thit na h-Iosráelítigh isteach i ndíchreidh arís agus arís eile ar a n-turais. Sa deireadh, bhí baol go bhféadfadh fiú Maois gníomhú go díchreidheach. Chun dul i ngleic leis an staid seo, bunaigh Dia obiacht chreidimh, duine gan athrú i n-athnóinn go bhféadfadh na daoine athrú. Chomh fada is a urraigh fiú duine amháin an obiacht le creideamh iomlán, d'fhéadfadh Dia leannacht ar aghaidh Lena toil deointúil trí. Bheadh an duine le noidhriú an misean chun freastal ar an obiacht na chreidimh, mar go bhfuil bata tugtha ó reathaí amháin go ceann eile i rás sealáíochta.

Ba é an Taibearnacail, ina gcumhdaítear an Áirc an Chonartha agus na leaca cloiche, an obiacht seo na chreidimh. Os rud é gur ionaidigh an Taibearnacail an Meisias, Nuair a tógadh na h-Iosráelítigh an Taibearnacail, thagraigh sé go raibh an Meisias tagtha cheana i chiall siombalach.

Bhí na h-Iosráelítigh le h-urraim leis agus onóir a thabhairt don Taibearnacail ionann is dá mba é an Meisias agus chun filleadh ar an talamh beannaíthe de Chanán faoi cheannaireacht Maois. Mar sin, bhíodar le bhunú an bhunús náisiúnta de substainte. Fiú amháin más rud é go raibh na h-Iosráelítigh go léir le titim isteach i ndíchreid ar na slí, chomh fada agus a lean Maois ar aghaidh ag mórath an Taibearnacail, bheadh na daoine in ann a ndíchreidheamh a shlánú agus bheith athchóirithe ar bunús slán Maois. Ina theannta sin, fiú amháin dá mbeadh Maois le bheith díchreidmheach, chomh fada agus a mhórath aon Iosráelítigh aonair an Taibearnacail i n-áit Maois, d'fhéadfadh Dia oibriú trí an duine sin chun na daoine go léir a h-athchóiriú.

Dá ma raibh muinín ag na h-Iosráelítigh i Maois agus má chuardar isteach i gCanán sa chéad chúrsa náisiúnta, bheadh teaghlach Maois a bheith ag seirbháil ins an ról den Taibearnacail, agus bheadh Maois é féin le comhlíon na róil tógadh ag na leaca cloiche agus an Áirc an Chonartha. Bheadh teaghlach Maois le bheith iompróir an dlí neamhaí. Ansin d'fhéadfaí na h-Iosráelítigh an Teampaill a thógáil i talamh Canán gan aon ghá leis na leaca cloiche, an Áirc, nó an Taibearnacail. Bhí siad seo tugadh mar an modh tslánaithe ach amháin nuair a chuaigh na daoine isteach i ndíchreid. Bhí gá leis an Taibearnacail, mar an ionadaíocht i siombail d'Íosa agus a Bhríde-le-bheith, ach amháin go dtí tógáil an Teampaill. Bhí gá leis Teampaill, mar an ionadaíocht i n-íomhá d'Íosa agus a Bhríde-le-bheith, ach amháin go dtí teacht an Meisias mar an Teampaill ionchollaithe.

2.2.2.3.2 An Bhunús don Taibearnacail

Díreach mar ní mór bunús a leagan sar a bhféidir linn a fháil ar an Meisias, bhí bunús a leagan sar a bhféadfaí na h-Iosráelítigh a thógáil agus mórath an Taibearnacail, an ionadaíocht siombalach an Meisias. Ní mór le rá, chun an bunús le haghaidh an Taibearnacail a bhunú, bhí bhunús na chreidimh agus substainte a leagan don Taibearnacail. Lig dúinn fiosrú ar conas a raibh na h-Iosráelítigh i n-ann a leagan na dá bhunús seo faoi cheannas Mhaois.

Bhí Maois le treoracha Dé a leanúint agus bunús na chreidimh a leagadh don Taibearnacail trí troscadh agus guí ar feadh daichead lá, tréimhse i n'fhonn scaradh ó Sátan. Leis bunús na chreidimh seo don Taibearnacail, bhí na h-Iosráelítigh le n-umhlaíocht agus tacaíocht dílis a thabhairt do Maois faid is a d'oibrigh sé le idéalach na Taibearnacail a bhaint amach. Bheadh siad mar sin le chomhlíonadh an coinníoll slánaíochta le bhaint as an nádúr tite agus bunús na substainte don Taibearnacail a leagan. Áirítear insan Taibearnacail sa phlé seo na leaca cloiche agus an Áirc an Chonartha.

An Chéad Bunús don Taibearnacail

Cruthaíodh an cine daonna ar an séú lá le bheith ionchoilliú an Bhriathar. Dá réir sin, i n'fhonn an Briathar athchruthú a thabhairt do dhaoine tite ar son a n-athchóiriú, bhí ar Dhia ar dtús le h-athchóiriú an uimhir sé, a ionadaíonn an tréimhse an chruthú truillaithe ag Sátan. Ar an gcúis sin, naomhaigh Dia Sliabh Sinai trí é a chlúdaigh le néalta de ghlóir ar feadh sé lá, agus ar an seachtú lá theaspáin Sé agus glaoigh Sé Maois ó i measc na néalta. Ón am sin ar aghaidh, thosaigh Maois a troscadh daichead lá agus daichead oíche. D'ordaigh Dia le Maois tréimhse daichead lá le scaradh ó Sátan a bhunú i n'fhonn bhunús na chreidimh don Taibearnacail a bhunú, an Meisias siombalach. Chonaic Dia go raibh sé seo riachtanach toisc gur thit na h-Iosráelítigh isteach i ndíchreid tar éis dul trasna an Fharraige Dearg

Mar atá luaite thuas, ní bhféadfaí a comhlíon an gcoinníoll slánaíochta le bhaint as an nádúr tite le linn cúrsa athchóiriú Canán na h-Iosráelítigh trí iad bheith ag chreidiúint agus a leanniúint Maois ach amháin don tréimhse ghearr inár léirigh sé cumhacht Dé. Ina h-ionad sin, theastaigh a chomhlíonadh go choimeádfaidh na daoine a leithéid de creideamh agus umhlaíocht sin go dtí gur chuadar isteach i gCánan, thógadar an Teampaill, agus go nglacadar leis an Meisias. Mar an gcéanna, le chomhlíonadh an coinníoll slánaíochta do bhaint as an nádúr tite agus bunús na substainte don Taibearnacail a leagan, ba raibh chóir dona h-Iosráelítigh Maois a h-umhlaí go dílis ón nóiméad a dhreap sé an sliabh chun dul i mbun troscadh daichead lá go dtí go raibheadar críochnaithe á thógáil an Taibearnacail. Mar sin féin, faid is a bhí Maois ag troscadh agus ag guí ar an sliabh, thit na daoine go léir isteach i díchreid agus adhradh don lao óir. Dá bhrí sin, ní raibh an bhunús na tsubstaint don Taibearnacail bunaithe.

Ós rud é go raibh an bhunús don Bhriathar cailte ag an cine daonna iad féin, is é a chuid freagrachta aisghabh ar an bhunús chun é a fháil arís. Dá réir sin, Ní idirghabháileann Dia i gníomhartha daoine nuair a bhíonn siad ag obair chun an Bhriathar a h-athchóiriú.

Ar an chúis seo, cé gur stiúir Dia na hIosraeilítigh le comharthaí agus miriúltí, níor idirghabháil Sé nuair a rinneadar peaca.

Nuair a chonaic Maois na daoine ag adhradh an íoladh agus damhsa timpeall air, bhí sé ar deargbhuile le fearg. Chaith sé síos na leaca agus rinneadh smionagar asta. Mar thoradh air sin, ionradh Sátan bhunús an chreidimh don Taibearnacail. Mar a mhíniú thuas, shiombailigh an dá leaca cloiche Íosa agus a Bhríde-le-bheith, a bhí le teacht mar an dara Ádhamh agus Éabha

athchóirithe. Réamhtheaspáin an ócáid seo go má tháinig Íosa ar ais agus fuair na daoine Giúdach díchreid, d'fhéadfadh sé a bheith go gheobhaidh sé bás ar an chros gan a misean bunaidh Dia-tugtha a comhlánú leis a Bhríde-le-bheith.

Lagaigh díchreid na h-Iosráelítigh ag Sliabh Shíonáí deonú Dé chun an bunús le haghaidh an Taibearnacail a bhunú. Neamhní sé iarrachtaí dian Dé Sátan a scaradh óna daoine agus a n-umhlaíocht do Mhaois a chothú. De bharr a n-díchreid leanúnach, bhí ar deonú Dé chun an bunús le haghaidh an Taibearnacail a bhunú a fhadú trí dara agus ansin tríú iarracht.

An Dara Bhunús don Taibearnacail

Chruthaigh na h-Iosráelítigh díchreideach sa dispeansáid chun fháil ar na leaca cloiche, agus dá bhrí sin an Taibearnacail a thógáil, ach mar gheall gur sheasadar ar an bhunús den uisce bheith ólta acu as an charraig ag Refidím-an fhréamh siombalach na leaca-tugadh dara seans dóibh. Theaspáin Dia roimh Maois tar éis a bhris sé na leaca agus gheall Sé dó inscríbhinn eile Dá chuid Bhriathar. An uair seo, theastaigh Dia go ngreanfaidh Maois é féin na leaca glan ar a bhféadfadh sé an inscríbhinn a scríobh. Ina theannta sin, ní fhéadfadh Maois na leaca cloiche a h-athchóiriú nó an Taibearnacail a thógáil timpeall orthu gan ar dtús bhunús an chreidimh don Taibearnacail a h-athchóiriú trí comhlíonadh arís eile dispeansáid de daichead le scaradh as ó Sátan. Dá bhrí sin, bhí ar Maois troscadh do daichead lá arís eile sula bhféadfadh sé na dara péire leaca leis an inscríbhinn dena Deich Aitheanta a fháil agus an Taibearnacail a bhunú mar an obiacht na chreidimh. An uair seo, d'fhan na h-Iosráelítigh go dílis le Maois chun fillleadh.

Réamhtheaspáin iarrachtaí rathúla Maois na leaca briste a h-athchóiriú le daichead lá de troscadh, agus creideamh na h-Iosráelítigh dó, go bhféadfadh Íosa, cé gur céasadh é, fillleadh ar ais agus tús nua a dhéanamh ina chuid oibre an tslánaithe má chomhlíonfaidh na chreidhmhigh go craifeach an coinníoll slánaíocht de glacadh leis le linn na daichead lá de aiséirí an Tiarna - dispeansáid de daichead le scaradh ó Sátan.

Trí fanacht dílis fhaid is a bhí Maois ag troscadh ar an sliabh, agus ansin ghéilleadh lena treoracha an Taibearnacail a thógáil, chomhlíon na h-Iosráelítigh an coinníoll slánaíochta le bhaint as den nádúr tite. Leag é seo an bhunús de substainte don Taibearnacail, agus mar sin, an bunús le haghaidh an Taibearnacail. Bhí an Taibearnacail tógtha ag an gcéad lá den chéad mhí den dara bhlian. Áfach, mar a bhí luaite níos luaithe, theastaigh leis do bhunús na substainte don dara chúrsa náisiúnta Cánan a h-athchóiriú i bhfad níos mó ná tógáil féin an Taibearnacail. Go deimhin, go dtí gur chuardar isteach i gCánan agus tógadh an Teampaill, ba cóir dona h-Iosráelítigh ómós a thabhairt don Taibearnacail níos mó ná raibh meas acu ar a saol féin; bhí siad le choinneáil an creideamh céanna go dtí go bhfuair siad an Meisias.

Ar an fichiú lá den dara mí den dara bhlian, thosaigh na h-Iosráelítigh amach as an bhfásach de Shíonáí, ordaithe i bhfoirmíocht timpeall an Taibearnacail agus faoi stiúir an colún néil. Ach roimh i bhfad, thosaigh siad ag gearán faoi a gcuid cruatan agus ag cogar i n-aghaidh Maois. Fiú amháin tar éis a scrios Dia a campa leis A fhearg a dhó, níor rinne na h-Iosráelítigh aithreachas. Lean siad ar aghaidh a dhéanamh gearán, ag cásamh nach raibh aon rud le n'ithe acu ach manna. Bhí siad doicheallach i dtreo Maois agus tnúthánach le haghaidh an feoil, torthaí, glasraí agus ollmhaitheasaí na h-Éigipte. Dá bhrí sin, theip ar na h-Iosráelítigh an dara bunús le haghaidh an

Taibearnacail a choimeád, agus d'ionraigh Sátan é. Fadaíogh an deonú leis an bunús seo a h-athchóiriú go tríú iarracht.

An Tríú bunús don Taibearnacail

Cé gur truailigh Sátan an dara bunús le haghaidh an Taibearnacail, d'fhan creideamh agus deabhóid Maois don Taibearnacail buan. Dá bhrí sin, sheas an Taibearnacail go daingean ar bhunús na chreidimh a bhí leagtha ag Maois, fhaid is a sheas na h-Iosráelítigh fós ar bunús an t-uisce bheith ólta as an charraig ag Refidím. Bhí an charraig, mar a cuimhnímid, an fhréamh na leaca cloch, a bhí ag croílár an Taibearnacail. Ar an bhunús seo, bhí cead ag na h-Iosráelítigh fós iarracht eile dispeansáid daichead de Satan a scaradh. Trí ghéilleadh le Maois, a raibh fós ag tabhairt onóir don Taibearnacail, bhíodar le h-athchóiriú tríd slánaíocht an bunús le haghaidh an Taibearnacail i n-tríú iarracht. Tugadh an misean daichead lá spaireacht amach talamh Cánan mar an coinníoll é seo a bhaint amach.

Rinne Dia Maois cheannaire a roghnú as gach ceann dena dhá treibh déag d'Iosrael agus iad a chur amach chun spaireacht i dtalamh Cánan ar feadh daichead lá. Nuair a d'fhill siad, thug na spairí ar fad seachas Iosúa agus Caleb tuairiscí díchreideach:

Dream cumhachtach iad siúd a chónaíonn ann áfach; tá cóir chosanta ar a mbailte agus tá siad an-mhór; agus, sea, Tá seilbh ag an Amailéiceach ar dhúiche an Neigib; ...Bhí toirt ainspianta i ngach fear dá bhfacamar ann (clann Anac, sliocht na bhfathach) agus ba gheall le dreoilíní teaspaigh sinn féin, dar linn, agus bhíodarsan den tuairim gur míoltóga sinn.”-Uimh. 13:28, 32-33

Sa deireadh thuigeadar nach bhféadfaí an h-Iosráelítigh cathracha daingne Cánan a ghabháil nó buachaint thar a muintir. Ar an tuarascáil seo a clois, arís chogar an h-Iosráelítigh i gcoinne Mhaois. D'iarr siad i gcomhair ceannaire eile a bheadh in ann iad a bhreith ar ais go dtí an Éigipt. D'iarr Iosúa agus Caleb amháin ar na daoine gan a bheith eaglach, ach na Cánánigh a h-ionsaí i ngéilleadh leis ceannais Dé:

Ná déanaigí ceannaire in aghaidh an Tiarna. Ná bíodh eagla oraibh roimh mhuintir na tíre seo; déanfaimid iad a alpadh. Tá scáil a gcumhdaithe scartha leo, fad tá an Tiarna inár gcoimhdeacht. Na bíodh eagla oraibh rompu.” -Uimh. 14:9

Níor ghlac na h-Iosráelítigh leis an aitheasc seo agus rinneadar iarracht Iosúa agus Caleb a cloch. Ag an nóiméad sin, theaspáin glór an Tiarna do na daoine go léir, agus dúirt Dia le Maois:

An fada a bheidh an pobal seo do mo mhaslú? An fada a dhiúltóidh siad creideamh ionam d'ainneoin na gcomharthaí go léir a rinne mé ina measc? -Uimh. 14:11

ach Cálaeb mac Iafuna agus Iósua mac Nún. Agus bhur leanaí a dúirt sibh a d'fhuadófaí mar chreach, tabharfaidh mé isteach iad chun aithne a chur ar an talamh ba bheag oraibhse. Ach maidir libhse, titfidh bhur gconablaigh san fhásach seo agus beidh bhur gclann ina n-aoirí san fhásach ar feadh daichead bliain ag iompar ualach bhur mídhílsheachta go sínfear an duine deireanach díbh marbh san fhásach. Ar feadh daichead lá bhí an tír á bhrath agaibh; seasóidh gach lá do bhliain; ar feadh daichead bliain déanfaidh sibh ualach bhur bpeacaí a iompar agus beidh a fhios agaibh cad is brí le mé a shéanadh.’-Uimh 14:31-34

Mar gheall ar a n-easpa creidimh, chríochnaigh an tríú bunús le haghaidh an Taibearnacail i teip. Cuireadh síneadh ar a gcúrsa fiche h-aon mí san fhásach go daichead bliain.

2.2.2.4 Teip ar an Dara Chúrsa Náisiúnta le Cánan a h-Athchóiriú

Mar gheall ar díchreid na h-Iosráelítigh, d'ionradh Sátan trí huair an bunús le haghaidh an Taibearnacail. Mar sin, níor chomhlíonadh an coinníoll slánaíochta náisiúnta le bhaint as den nádúr tite, agus níor leaghtar bhunús na tsubstainte don dara chúrsa náisiúnta le Cánan a h-athchóiriú. Mar gheall air sin, chríochnaigh an dara gcúrsa náisiúnta iomlán do Cánan a h-athchóiriú i teip. Fadaíogh deonú Dé go dtí tríú chúrsa náisiúnach.

2.2.3 An Tríú Cúrsa Náisiúnta do Cánan a h-Athchóiriú

2.2.3.1 An Bhunús Chreidimh

Mar gheall gur iompaigh na h-Iosráelítigh leagchroíoch ar éisteacht dóibh le thuarascáil na spairí díchreideach, chríochnaigh an dara cúrsa náisiúnta le Cánan a h-athchóiriú i dteip. D'ionraigh Sátan an daichead bliain a chaith Maois i bhfásach Midian ag athchóiriú bhunús na chreidimh. Mar thoradh ar an teip don misean an talamh a spiarach amach, bhí ar na daoine fánaigh san bhfásach ar feadh daichead bliain, bliain amháin do gach lae den mhisean spiarach daichead lá, go dtí go d'fhill siad go Kadesh-barnea. Do Maois, bhí an tréimhse daichead bliana seo ar son scaradh ó Sátan, a d'ionraigh an bhunús na chreidimh roimhe sin, agus a h-athchóiriú tríd slánaíocht an bhunús an chreidimh don tríú chúrsa. D'onóir Maois an Taibearnacail le creideamh agus dílseacht i rith na daichead bliain iomlán de bhfáiníocht sa bhfásacht. De réir an t-am a d'fhill sé ar Kadesh-barnea, bhí bhunús an chreidimh don tríú chúrsa náisiúnta do Cánan a h-athchóiriú chríochnaithe aige. Dá réir sin, fuair sé chomh maith socrú ar sheasamh Áibíl don bhunús an tsubstaint.

2.2.3.2 An Bhunús de Substaint

Chríochnaigh bunús na substaint don dara chúrsa i teip nuair, mar gheall ar díchreid leanúnach na daoine, truailligh Sátan an bunús le haghaidh an Taibearnacail. Mar sin féin, ar a laghad, d'fhan bhunús an chreidimh don Taibearnacail, caomhnithe le deabhóid leanúnach Maois. Más rud é, ar an bunús seo, gur lean na h-Iosráelítigh Maois go dílis tríd an daichead bliain d'fánaíocht sa bhfásach, mar sin ag bunú an bunús le haghaidh scaradh ó Sátan, bheadh siad tar éis a bhunú an bunús na tsubstainte don Taibearnacail agus mar sin an bunús a chríochnú le haghaidh an Taibearnacail.

Má raibheadar ag onóir agus umhal do Maois ansin agus má chuaigheadar isteach i gCánaan i chreid, bheadh bhunús na substainte críochnaithe acu don tríú chúrsa náisiúnta le Cánan a h-athchóiriú.

Do Maois, bhí an daichead bliain d'fánaíocht sa bhfásach na tréimhse is gá chun an bunús na chreidimh a bhunú don tríú chúrsa náisiúnta. Do na h-Iosráelítigh, ba é an sprioc don tréimhse seo ná baint amach an dispeansáid chun tús a chur leis an tríú cúrsa. Bhí siad le seo a dhéanamh trí bhunú an bunús le haghaidh an Taibearnacail, mar sin ag filleadh ar an stát de ghrásta a thaitin leo sa dara cúrsa nuair a thóg siad ar dtús an Taibearnacail faoi stiúir Maois.

2.2.3.2.1 Bhunús na Substaint Lárraithe ar Maois

Bhí na leaca, an Taibearnacail, agus Áirc an Chonartha riachtanach sa dara cúrsa ach amháin mar gheall gur chaill na h-Iosráelítigh creideamh sa bhfásach. Go luath tar éis a thrasnaigh siad an Muir Ruaidh, rinneadar dearmaid ar na trí comharthaí a bhronn Dia nuair a sheoladh an dispeansáid don tús. Chun é seo a h-athchóiriú trí slánaíochta, tástáil Dia na daoine trí thréimhse daichead lá fhaid a bhí Maois ar an sliabh. Ansin thug sé Sé trí taispeántaí de ghrásta diaga dóibh: na leaca cloiche, Áirc an Chonartha agus an Taibearnacail. Ina theannta sin, bhronn Dia na deich plánna, a bhí le h-athchóiriú na deich cealgairachta Lában d'Iocaib i Háran. Ach nuair a chaill an h-Iosráelítigh creideamh fiú tar éis é seo a dhearbhu, rinne Dia iarracht na deich plánna a h-athchóiriú trí slánaíocht trí na Deich h-Aithne a thabhairt. Dá athnuachan na h-Iosráelítigh a gcreideamh trí na trí taispeántaí de ghrásta diaga a onóirigh agus ghéilleadh do na Deich Aithne, bheadh siad le filladh ar ais chuig an stát de ghrásta a thaitin leo nuair a d'fhág siad an Éigipt faoi chumhacht na míorúiltí seo.

Dá réir sin, insan tríú cúrsa ba chóir go mbeadh an tréimhse slánaíochta daichead bliain críochnaithe ag na h-Iosráelítigh trí Maois a leanúint i chreid agus umhlaíocht tríd an bhfásach. I ndiaidh a d'fhill siad go Kadesh-barnea, ba chóir gurbh sheas siad leis Maois ar an bunús le haghaidh an Taibearnacail agus na leaca, an Taibearnacail agus an Áirc a mhóradh. Dá mbeadh sé seo déanta acu, bheadh siad ag seasamh san áit a thaitin leo ag críochnú an dispeansáid chun tús a chur leis an dara cúrsa, nuair a bhuail Dia na hÉigiptigh leis na trí comharthaí agus deich plánna. Bhí na leaca ionadaíocht níos lú den Áirc; ba é an Áirc ionadaíocht níos lú den Taibearnacail; dá bhrí sin, bhí na leaca ionadaíocht níos lú den Taibearnacail. Is féidir leis an Áirc agus an Taibearnacail mar sin a léiriú leis na leaca nó a fhréamh, an charraig. Dá bhrí sin, bhí an tríú cúrsa náisiúnta le Cánan a h-athchóiriú le tosú ag Kadesh-barnea ar chríochnú dispeansáid don tús, bunaithe ar an charraig. Dá bhrí sin, bhí an tríú cúrsa náisiúnta a le Cánan a h-athchóiriú le tosú ag Kadesh-barnea ar chríochnú dispeansáid don tús, bunaithe ar an charraig. Feasta, dá h-onóir na h-Iosráelítigh an Taibearnacail le creideamh agus deabhóid agus Maois a leanniúnt isteach i gCánan, bheadh an coinníoll slánaíochta do bhaint as den nádúr tite comhlíonta is gá do bhunús na substainte sa tríú cúrsa náisiúnta.

Cén chaoi a raibh sé ar intinn Dé an dispeansáid don tús bunaithe ar an charraig a dhéanamh? I rith na daichead bliain d'fánaíocht sa bhfásach, thit na h-Iosráelítigh arís isteach i nghearán agus díchreid. Chun iad a shábháil, treoir Dia do Mhaois an charraig a bhuaileadh lena mhaide go bhféadfadh uisce teacht as agus deoch a thabhairt do na ndaoine. Ba chóir do Mhaois an charraig a bhuail ach aon uair amháin. Ba cheart dona h-Iosráelítigh, bhualadh le uafás ansin, aontú leis, mar sin ag seasamh leis ar an bunús le haghaidh an Taibearnacail. Insan treo seo, bheadh an dispeansáid don tús bunaithe ar an charraig comhlíonta acu.

Ach, dar leis an scéal, nuair a chuala Maois na daoine ag monabhrach ina choinne agus ag gearán nach raibh aon uisce le n-ól acu, racht sé i fearg neamhrialaithe agus bhuail an charraig faoi dhó. Leis sin Dia dúirt Dia leis:

“De bhrí nár chreid sibh go bhféadfainn mé féin a naomhú os comhair súile chlann Iosrael, ní threoróidh sibh an pobal seo isteach sa tír atá á thabhairt agam dóibh.” - Uimh. 20:12

Trí bhualadh ar an charraig faoi dhó nuair ba chóir dó é a bhuaileadh ach aon uair amháin, lagaigh Maois an dispeansáid don tús bunaithe ar an charraig. Dá thoradh sin, ní raibh cead aige dul isteach sa talamh geallta. D'fhéadfadh sé ach amháin bhreathnaigh ar ó fad ag deireadh a saol.

Lig dúinn imscrúdú a dhéanamh ar cén fáth a ba chóir do Maois an charraig a bhuaileadh ach aon uair amháin, agus cén fáth go raibh pheaca é an bhualadh dhá uair. Is é an charraig ina tsiombail le haghaidh Íosa Chríost. Ós rud é gur tháinig Críost mar an crann na beatha, féadfaidh an charraig a bheith le feiceáil freisin mar an crann na beatha. Is é an crann na beatha chomh maith tsiombail le haghaidh Ádhamh foirfite sa Ghairdín Éidean; mar sin, shiombailligh an charraig Ádhamh i foirfeachta.

Sa Ghairdín Éidean, ba cheart d'Ádhamh aibíocht a schroich chun a bheith an idéal ionadaithe ag an charraig. Ach nuair a bhuaileadh Sátan é agus ba chúis dó titim, ní raibh Ádhamh in ann le bheith an crann na beatha nó an charraig a d'fhéadfaí a thabhairt dá shliocht an t-uisce na beatha síoraí. Dá bhrí sin, shiombailligh an charraig gan uisce, sular bhuaileadh Maois é an chéad uair, Ádhamh tite. Le shlánú gníomh Sátan Ádhamh a bhuaileadh agus cosc a chur air ó bheith an charraig a d'fhéadfaí an t-uisce na beatha a thabhairt, dhéan Dia Maois an charraig a bhuaileadh uair amháin. Nuair a bhuaileadh sé an charraig uair amháin agus tháinig uisce as, chomhlíon Maois an coinníoll slánaíochta l'Ádhamh a h-athchóiriú mar an charraig as a thagann uisce. Shiombailligh an charraig, buailte aon uair amháin, Íosa a bhí le teacht agus an t-uisce na beatha a thabhairt dona daonnachta tite. Dá bhrí sin, dúirt Íosa:

Ach má olann aon duine an t-uisce a thabharfaidh mise dó, ní bheidh tart air go brách na breithe. Ach an t-uisce a thabharfaidh mise dó, déanfaidh tobar uisce de istigh ann, ag brúchtaíl chun na beathn síoraí.”-Eoin 4:14

Dá bhrí sin, bhí i gceist ag Dia go mbuailfidh Maois an charraig uair amháin mar choinníoll slánaíochta d'Ádhamh tite a h-athchóiriú i bpearsa an dara Ádhamh foirfe-Íosa. Ach nuair a bhuaileadh Maois an charraig an dara huair, tar éis thabhairt amach uisce cheana, d'ionadaigh sé an fhéidearthacht go bhféadfadh Íosa a bhualadh. I bhfocail eile, bhunaigh gníomh Maois an charraig a bhualadh faoi dhó i fearg ag díchreid na h-Iosráelítigh an gcoinníoll go nuair a tháinig Íosa, dá n-iompaigh na daoine Giúdach díchreidmheach, bheadh fhódú ag Sátan chun aghaidh a thabhairt ar Íosa, comhlíonadh na charraig. Sin é an fáth gur ionann gníomh Maois pheaca.

Cé go bhféadfadh gníomh Maois de briseadh na leaca cloiche a h-athchóiriú, ní bhféadfadh a botún de bhualadh an charraig an dara huair a h-athchóiriú. Cén fáth an raibh sé seo amhlaidh? I gcomhthéacs an deonú athchóiriú, bhí na leaca cloiche agus an charraig coibhneascadh mar seachtracha agus inmheánacha. Ba na leaca cloiche, inscríobhta leis na Deich nAithne, croí an Dlí mósaic agus an gcoílár na Sean-Tiomna.

D'fhéadfadh na h-Iosráelítigh fháil ar an slánú ar fáil san Aois Sean-Tiomna de réir seasamh leis na hidéil sna leaca. Sa chiall seo, bhí na leaca cloiche ionadaíocht sheachtrach d'Íosa a bhí le teacht.

Shiombailligh an charraig, ar an taobh eile, ní hamháin Críost; mar an fhréamh na leaca cloch, ach shiombailligh sé freisin Dia, bunús Chríost. Ba na leaca cloiche seachtrach; bhí an charraig inmheánach. Má dhéanaimid cosúlacht ar na leaca don corp, comhfhreagraíonn an charraig go

dtí an intinn; má dhéanaimid cosúlacht ar na leaca go dtí an áit naofa, comhfhreagraíonn an charraig go dtí an áit is naofa; má dhéanaimid cosúlacht ar na leaca go dtí an talamh, comhfhreagraíonn an charraig le neamh. I mbeagán focal, mar léiriú inmheánach de Chríost, bhí luach níos mó ag an charraig ná na leaca cloch.

Mar ionadaíocht sheachtrach d'Íosa, shiombailligh na leaca cloiche Áron freisin. Ba é Áron ionadaí seachtrach d'Íosa mar a sheas sé roimh Maois, an t-ionadaí d'Dhia. Nuair a bhrú na h-Iosráelítigh Áron an lao órga a dhéanamh, caill Áron é féin creideamh, agus ba chúis é seo le briseadh na leaca. Mar sin féin, d'fhéadfaí Áron a athbheochan mar gheall gur aithreach sé agus é fós ina sheasamh ar an bhunús den t-uisce bheith ólta aige as an charraig ag Refidím. Nuair a ndearna sé amhlaidh, d'fhéadfadh na leaca cloiche a shiombailligh Áron a bheith athmhúnlithe freisin agus a h-athchóiriú bunaithe ar bhunús inmheánach an t-uisce as an gcarraig. Mar sin féin, ós rud é gur shiombailligh an carraig -fhréamh na leaca cloiche- ní hamháin Íosa ach freisin Dia, a bhunús, ní bhféadfaí bualadh an charraig an dara huair a chur ar ceal.

Cérbh iad na hiarmhairtí a bhain le bualadh an charraig faoi dhó? Bhuail Maois an charraig an dara huair toisc go raibh sé shárithe le buile neamhrialaithe ag díchreid na daoine. D'fheidhmigh sé faoi thionchar Sátan, fiú amháin thar ceann Sátan. Mar thoradh air sin, thruilligh Sátan an dispeansáid don tús a bhí i gceist ag Dia a chur i gcrích bunaithe ar an gcarraig.

Cé go seachtrach cruthaigh gníomh Maois de bhualadh an charraig an dara huair le bheith ina gníomh satánac, fós i ciall níos doimhne, inmheánach thug sé deoch do na daoine leis an t-uisce a d'eascair as é agus shábháil sé a saol. Athdhearbhaigh sé seo an tuar a thug Dia níos luaithe nach bhféadfadh na h-Iosráelítigh seachtrach, iad siúd a bhí daoine fásta nuair a d'fhág siad an Éigipt, dul isteach i gCánan mar a gealladh, ach amháin i gcás Iosúa agus Caleb. Gheobhaidh Maois freisin bás gan a aisling fad-chothaithe a chomhlíonadh de dhul isteach sa talamh geallta. Ar an láimh eile, rachaidh na h-Iosráelítigh inmheánach, iad siúd a bhí ina bpáistí ag an am a bhí an Eaxodus ón Éigipt nó a rugadh i rith an chúrsa bhfásach nuair a d'ól na ndaoine uisce as an charraig agus d'onóirigh an Taibearnacail, isteach i gCánan faoi cheannaireacht Iosúa, a raibh i gcomharbhacht Maois.

Tháinig Íosa mar an Tuismitheoir Fíor na daonnachta, ach d’athchóirigh sé tríd slánaíocht an dispeansáid daichead le deighilt ó Sátan fhaid is a bhí sé ina sheasamh i seasamh Eoin Baiste. Dá bhrí sin, tar éis a h-athchóirigh sé an bhunús na chreidimh (agus d’ardaigh sé go sheasamh an Meisias agus Tuismitheoir Fíor) sheas sé i stádas tuismitheora. Ag an am céanna, nuair a fuair sé seasamh Áibíl lena gcomhlíontar an coinníoll slánaíochta do bhaint as an nádúr tite, sheas sé i seasamh linbh (fós i ról Eoin Baiste maidir leis an gcoinníoll sin). Sa cháil sin, fuair Íosa trína troscadh daichead lá an seasamh céanna ar an leibhéal domhanda ’s a bhfuair Maois díreach tar éis a leag sé bhunús na chreidimh don dara chúrsa náisiúnta le Cánan a h-athchóiriú trí fulaing daichead bliain deoraíocht san fhásach de Midian.

Stiúr Dia an dispeansáid chun an dara cúrsa náisiúnta a thosú le Cánan a h-athchóiriú trí na trí chomhartha agus deich plánna a chur ar fáil. Stiúr Dia an dispeansáid chun an tríú cúrsa náisiúnta a thosú le Cánan a h-athchóiriú trí na daoine a dhéan chun tacaigh leis na trí léiriú ar ghrásta diaga – na leaca cloiche, Áirc an Chonartha agus an Taibearnacail - agus cloí leis na Deich nAithne. Tugadh iad seo, mar a chuimhnimid, ar an bhunús don Taibearnacail lena trí chomharthaí agus deich phlána a h-athchóiriú a cailleadh de bharr díchreid na h-Iosráelítigh. Ba é Íosa comhlíonadh na trí léiriú de ghrásta agus na Deich nAithne. Dá bhrí sin, stiúir Dia an dispeansáid chun an dara cúrsa domhanda a thosú le Cánan a h-athchóiriú bunaithe ar fhocail féin agus ghníomhartha mirúltach Íosa. Má bhogadh na daoine Giúdach (Cáin) chun creidiúint i agus a leanúint Íosa, a bhí i seasamh Eoin Baiste (Áibíl), gcomhlíonadh siad an coinníoll slánaíochta chun an nádúr tite a bhaint as agus bunús na substainte a h-athchóiriú. Dá bhrí sin, bheadh an bunús don Meisias leagtha síos. Ag seasamh ar an bhunús seo, d’éiríofaigh Íosa as seasamh Eoin Baiste go dtí seasamh an Meisias. Ansin, trí gach duine a thógáil leis féin, bheadh gach duine den cine daonna athbhreithe, glanta den bhunpheaca, agus bhéidís ar aon le Dia i gcoílár. Bheadh a bhun nádúr, Dia-tugtha athchóirithe acu agus cothófaidh siad Ríocht na bhFlaitheas ar domhan sa lá Íosa.

3.2.3 Teip an Dara Cúrsa Domhanda le Cánan a h-Athchóiriú

Nuair a chríochnaigh an chéad chúrsa domhanda le Cánan a h-athchóiriú i teip mar gheall ar díchreideamh Eoin Baiste, ghlac Íosa misean Eoin air féin agus d’fhulaing sé deacrachtaí san fhásach ar feadh daichead lá. Dá bhrí sin, athshlánaigh Íosa trí slánaíocht bunús an chreidimh don dara cúrsa domhanda le Cánan a h-athchóiriú. Tá sé scríofa gur fhág Sátan, a bhí buailte sna trí cathú, taobh Íosa “go dtí am tráthúil,” ag léiriú nach raibh Sátan ag fágáil Íosa go deo ach go bhféadfadh sé dul i ngleic leis dáta éigin sa todchaí. Go deimhin, rinne Sátan aghaidh a thabhairt ar Íosa, ag obair go príomha trí cheannaireacht na Giúdach, na sagairt agus na scríbhneoirí a chreidtear in Íosa. Go háirithe, thug Sátan aghaidh ar Íosa trí Iúdas Íscariot, an deisceabal a bhraitheadh é.

Mar gheall ar díchreideamh leithéidí na ndaoine sin, ní fhéadfadh Íosa ceachtar de bunús na substainte ná an bunús don Meisias don dara cúrsa domhanda le Cánan a h-athchóiriú a bhunú. Chríochnaigh an dara cúrsa domhanda mar sin i theipeadh tragóideach.

3.3 An Tríú Cúrsa Domhanda le Cánan a h-Athchóiriú

3.3.1 An Cúrsa Spioradálta le Cánan a h-Athchóiriú faoi Cheannaireacht Íosa

Agus muid ag plé an tríú cúrsa domhainda le Cánan a h-athchóiriú, ba cheart dúinn a thuiscint ar dtús i gcén treo a bhí an cúrsa seo difriúil ón tríú cúrsa náisiúnta le Cánan a h-athchóiriú. Mar a mhíníodh go mion, ba é an Taibearnacail, siombail an Meisias, fócas an chreideamh dona h-Iosráelítigh sa tríú cúrsa náisiúnta. Fiú nuair a thit na h-Iosráelítigh isteach i díchreid, d'fhan an Taibearnacail slán, ag seasamh ar bhunús an chreidimh don Taibearnacail a leag Maois le linn a chuid troscadh daichead lá. Nuair a d'éirigh Maois freisin dícreidmheach, d'fhan an Taibearnacail slán, caomhnaithe ag maoirseacht Íosua agus an bunús don Taibearnacail a leag sé síos le linn an misean daichead lá chun an talamh a spairráil amach.

Mar sin féin, sa chúrsa domhainda le Cánan a h-athchóiriú, ba é Íosa féin an fócas na creideamh do na daoine Giúdach, a tháinig mar an chomhlíonadh den Taibearnacail. Nuair a d'éirigh fiú a dheisceabail dícreidmheach, bhí ar Íosa cosán an bháis a shiúil agus bheith céasta, mar a d'fógair sé “Faoi mar a d'ardaigh Maois an nathair nimhe san fhásach, sin mar a chaithfear Mac an Duine a ardú” (Eoin 3:14) Mar thoradh air sin, chaill na daoine Giúdach an ceann a ba chóir go mbeadh an fócas spioradálta agus fisiceach a gcreideamh. Ní raibh bunús acu a thuilleadh chun tús a chur leis an tríú cúrsa domhainda chun Cnaan a athchóiriú mar chúrsa substaintiúil, mar a rinne na h-Iosráelítigh nuair a thosaigh siad an tríú cúrsa náisiúnta. Ina ionad sin, bhí na Críostaithe, mar an Dara Iosrael, an cúrsa seo a thosú mar chúrsa spioradálta tríd an Íosa aiséirithe a mórú mar fhócas a creideamh. Ag súil leis seo, dúirt Íosa, “Leagaigí an teampall seo,” ar sé leo, “agus i dtrí lá tógfaidh mé suas arís é.” (Eoin 2:19)

Ansin, díreach mar a tháinig Íosua i gcomharbacht ar misean Maois agus críochnaigh sé an tríú cúrsa náisiúnta, rachaidh Críost ag an Dara Admhaint i gcomharbacht ar misean Íosa. Críochnóidh sé, ar bhonn spioradálta agus fisiceach, an tríú cúrsa domhainda le Cánan a h-athchóiriú. Dá réir sin, mura dtagann an Chríost a thagann ar ais san fheoil, mar a rinne Íosa, ní féidir leis misean Íosa a h-oidhriú, níos lú fós cuspóir an deonú na h-athchóirithe a comhlíonadh.

3.3.1.1 An Bunús Spioradálta na Chreidimh

Nuair a chríochnaigh an dara cúrsa domhainda le Cánan a h-athchóiriú i teip mar gheall ar dhiúltú na ndaoine Giúdach ar Íosa, chailleadh go Sátan an bunús na chreideamh a leag Íosa le linn a chuid troscadh daichead lá ó sheasamh Eoin Baiste. Tar éis d'Íosa a chorp a thabhairt suas ar an gcros, thosaigh sé misean Eoin Baiste arís go spioradálta. Le linn na tréimhse daichead lá óna aiséirí go dtí a chuid deascabháil, cathréim Íosa thar Sátan agus bhris sé a chuid slabhraí go léir. Agus é sin á dhéanamh, d'athchóirigh Íosa bunús an chreidimh don chúrsa spioradálta sa tríú cúrsa domhainda le Cánan a h-athchóiriú. Is é seo an fáth nár nochtaíodh roimhe seo taobh thiar den tréimhse daichead lá seo. Cén chaoi, mar sin a leag Íosa an bunús spioradálta na chreidimh?

Bhí Dia á threorú go pearsanta A chuid daoine roghnaithe go dtí an t-am a taispeáin Íosa mar an Meisias. Ach ó na huairé a d'iompaigh siad i gcoinne A chéad Mhac, ba ghá d'Dhia go deorach a dhroim a chasadh agus ligean d'Satan éileamh a dhéanamh ortha. Mar sin féin, ba é cuspóir Dé don Meisias a sheoladh ná na daoine Giúdach agus gach duine daonnacht a shábháil. Bhí Dia meáite an gcine daonna a shábháil, cé gur chiallaigh sé Íosa a thabhairt isteach i lámha Sátan.

Bhí Satan, ar an láimh eile, socraíthe ar fear amháin a mharú, Íosa Críost, cé go bhféidir go bhféadfadh sé an daonnacht go léir, lena n-áireamh na daoine Giúdach, a thabhairt ar ais chuig Dia. Bhí a fhios ag Sátan gurb é an príomhchuspóir de deonú Dé ceithre míle blian d'athchóiriú, ná an Meisias a sheoladh. Shíl sé go bhféadfadh sé, trí an Meisias a mharú, deonú Dé ar fad a scrois. Sa deireadh, thug Dia Íosa do Sátan mar an choinníoll slánaíochta na cine daonna uilig a shlánú, lena n-áireamh na daoine Giúdach a d'iompaigh in aghaidh Íosa agus thit isteach i réim Sátan.

D'fheidhmigh Sátan a chumhacht uasta chun Íosa a céasadh, mar sin ag éirí leis sa sprioc a bhí á lorg aige ar fud chúrsa ceithre mhíle bliain na staire. Ar an láimh eile, trí Íosa a sheachadadh go Sátan, bunaigh Dia mar chúiteamh an gcoinníoll chun daonnacht peacúil a shábháil. Conas a rinne Dia é seo? Ós rud é go raibh a chumhacht uasta úsáidithe ag Sátan cheana féin i marú Íosa, de réir an phrionsabal na h-athchóiriú trí shlánaíocht, bhí Dia i dteideal A chumhacht uasta a fheidhmiú. Cé go n-úsáideann Sátan a chumhacht chun marú, úsáideann Dia A chumhacht chun na marbh a thabhairt chun beatha. Mar chúiteamh ar fheidhmiú Sátan a chumhachta uasta i marú Íosa, d'fheidhmigh Dia a chumhacht uasta agus d'aiséirí Sé Íosa. Mar sin d'oscail Dia an bealach do an daonnacht go léir a bheith beangaithe leis an Íosa aiséirithe agus dá réir sin bheith in ann slánú agus athbheochan a fháil.

Tá sé soiléir ón taifead bíobalta nach raibh an Íosa aiséirithe mar a bhí sé nuair a bhí sé ina gcónaí lena dheisceabail roimh a chéasadh. Ní raibh an Íosa aiséirithe a thuilleadh fear le feiceáil trí shúile fisiceacha, toisc gur tharchéimigh sé am agus spás. Thaispeáin sé lena dheisceabail taobh istigh de sheomra le doirse dúnta. Tionlacan sé dhá dheisceabail ag taisteal chuig Emmaus ar feadh achar fada. Ach níor aithnigh siad é go dtí i bhfad níos déanaí, nuair a chuir sé é féin ar aithne, agus ag an bpointe sin, d'imigh sé as radharc. Trí dul tríd an daichead lá a aiséirí agus mar sin Sátan a scaradh, leag Íosa anuas bunús an chreidimh don cúrsa spioradálta. Dá bhrí sin d'oscail sé an bealach chun peaca na daonnachta a fhuascailt.

3.3.1.2 An Bunús Spioradálta de Substaint

Trína chuid teaspáintí aiséirí, chomhlíon Íosa an dispeansáid de daichead le haghaidh scaradh ó Sátan agus é ag seasamh i n-áit Eoin Baiste i spiorad. Mar sin leag sé bunús an chreidimh don chúrsa spioradálta i n-áit an Tuismitheor Fhíor Spioradálta. Ag an am céanna, ón seasamh de linbh, d'urraigh sé an seasamh d'Áibíl chun an coinníoll slánaíochta a chomhlíonadh don nádúr tite a bhaint. Bhí an bunús spioradálta seo de chreidimh a leag Íosa síos don tríú cúrsa domhainda le Cánan a h-athchóiriú inchomparáide le bunús an chreideamh a leag Maois anuas don tríú cúrsa náisiúnta trí daichead bliain san fhásach.

D'oibrigh Dia an dispeansáid don tús i lá Mhaois trí é a dhéan an bunús don Taibearnacail a bhunaigh. Mar sin féin, ba é an Íosa aiséirithe é féin an comhlíonadh spioradálta dena leaca cloiche, Áirc an Chonartha agus an Taibearnacail. Chruinnigh sé a chuid deisceabail scaipthe ó gach cearn den Ghailíl agus d'oibrigh sé an dispeansáid don tús trína gcumhacht a thabhairt dóibh comharthaí agus míorúiltí a dhéanamh. Sheas an Íosa aiséirithe go spioradálta i seasamh Eoin Baiste agus seasamh Áibíl.

Sheas na chreidhmhgh dílis i seasamh Cáin. Trí chreidiúint a dhéanamh i nÍosa agus é a leanniúnt go dílis, chomhlíon siad an coinníoll slánaíochta don nádúr tite a bhaint agus bunús spioradálta na substainte a h-athchóiriú.

3.3.1.3 An Bhunús Spioradálta don Meisias

Tar éis céasadh Íosa, bhí a aon dheisceabail déag eile fágtha éadóchasach agus scaipthe. Tar éis a aiséirí, áfach, chruinnigh Íosa iad in áit amháin agus chuireadh tús le céim nua den deonú: athchóiriú Cánan spioradálta. Roghnaigh na deisceabail Maitias a chur in ionad Iúdás Ísceiriót agus an folúntas i measc an dá cheann déag a líonadh. Trí chreidiúint in nÍosa agus é a leanúint ar costas a saol, leag siad an bunús spioradálta na substainte agus an bunús spioradálta don Meisias. Ar an bhunús seo, d'aiséirigh Íosa as seasamh iompróir mhisin spioradálta do Eoin Baiste go seasamh an Meisias spioradálta agus seoil sé an Spiorad Naomh. Leis sin, tháinig Íosa agus an Spiorad Naomh chun bheith na Tuismitheoirí Fíor Spioradálta agus thosaigh siad leis an obair de athbreith a thabhairt. Ó shin ó fána an Spioraid Naoimh ag an Cincís, d'oibrigh Íosa mar an t-Athair Fíor spioradálta agus an Spiorad Naomh mar an Máthair Fíor

spioradálta mar aon chun athbhreith spioradálta a dhearbhu trí chreidmhigh a bheanganú go spioradálta leo féin. Is é seo an obair a bhaineann le slánú spioradálta, a chruthaigh réim aiséirí dosháraithe ag Sátan.

Cé gur féidir linn de réir creideamh a aontú le Íosa i spiorad, tá ár gcoirp fós faoi dhliteanas ag ionsaí Sátan, mar a bhí sé le Íosa féin. I bhfocail eile, fanann ár slánú fisiciúil fós neamhcomhlíonta. Mar sin féin, má chreidimid san Íosa aiséirithe, tabharfaidh sé treoir dúinn dul isteach go spioradálta ina riocht aiséirí, atá doghonta do ionradh satáinneach. Ansin tá muid scaoilte ó na coinníollacha a thugann deis do Sátan milleán a chur orainn, agus táimid shábháilte go spioradálta.

3.3.1.4 An Athchóiriú de Cánan Spioradálta

Trí chreidiúint i agus freastal ar an Íosa aiséirithe, a sheasann ar an bhunús spioradálta don Meisias, is féidir le Críostaithe athchóiriú na Cánan spioradálta a bhaint amach agus dul isteach ina réimse de ghrásta. Ar an láimh eile, seasann na corp fisiceacha Críostaithe san áit chéanna le corp Íosa, a raibh ionsaithe ag Sátan tríd an céasadh. Tá na Críostaithe fós le smál an bhun pheaca agus gáth comh mór dóibh bheith glanta ó thionchar satáiní mar a bhí ag daoine a raibh cónaí orthu roimh teacht Íosa. Dá réir sin, ní mór do Chríostaithe fós an cúrsa a shiúl le haghaidh scaradh ó Sátan le n-ullmhú do Dara Teacht Chríost.

Is é an Íosa aiséirithe comhlíonadh spioradálta an Teampaill. Bhain sé amach go domhainda an t-idéalach den Taibearnacail a sheas Maois leis sa chúrsa náisiúnta chun Cánan a athbhunú. Comhlíonadh an áit is naofa agus an áit naofa, a léiríonn spiorad agus colainn Íosa, mar réaltachtaí spioradálta trí Íosa agus an Spiorad Naomh. Bhaineadh amach idéalach an cathaoir thrócaire trí oibreacha an tslánaithe a thug Íosa agus an Spiorad Naomh, rud a chuir Dia ar A chumas le bheith taobh istigh ina gcuid oibre agus A chuid Briathar a thabhairt. Ar an cathaoir thrócaire, áit a forógraíodh Briathar Dé, roinneadh na cherubáin a chuir bac ar ár gcosán ón am Titim, ag oscailt ár mbealach chun dul isteach in Áirc an Chonartha agus a fháil ar Íosa, Crann na Beatha.

Is féidir linn an manna a sholáthraíonn Dia a glacadh ansin agus fianaise a fháil ar iontas chumhacht Dé a a bhí mar cúis uair amháin le sceitheadh maide Áron.

Mar atá fhoghlaimte againn trí chúrsa Maois a staidéir, ní raibh na moilleanna i deonú Dé réamhordaithe, ach bhíodar mar chúis de díchreid na daoine. Ar an geaoi chéanna, ní raibh céasadh Íosa agus an gá le haghaidh a fillleadh ar ais réamhordaithe ag Dia.

3.3.2 An Cúrsa le Cánan Substantiúil a h-Athchóiriú faoi Cheannaireacht Chríost ag an Dara Admhaint

Mhínigh muid cheana féin cén fáth gur thosaigh an tríú cúrsa domhainda le Cánan a h-athchóiriú mar chúrsa spioradálta, ní mar chúrsa substantiúil cosúil leis an tríú cúrsa náisiúnta le Cánan a h-athchóiriú. Thosaigh an deonú spioradálta seo nuair a d'fhéadfadh Íosa, ar an bunús spioradálta don Meisias, seasamh mar an Meisias spioradálta agus chreid agus umhlaigh a leantóirí é. Tá an deonú seo tar éis dul thar chúrsa fada staire dhá mhíle bliain, ag leathnú chun ceannas spioradálta domhainda a thógáil.

Cé go bhféadfadh Maois dul isteach i gCánan ach amháin i spiorad, shiúil Íosua an gcúrsa náisiúnta mar chúrsa substaintiúil agus cloígh sé i ndáiríre an talamh geallta. Mar an gcéanna, fhaid's a raibh Íosa ag athbhunú Cánan mar réimse spioradálta domhainda, tá Críost ag an Dara Aidhbhint an tríú cúrsa domhain seo a chomhlánú mar chúrsa substaintiúil agus an Ríocht na bhFlaitheas ar domhan íarbhir a thógáil. Caithfidh Críost ag an Dara Aidhbhint a réadú, ar an talamh, idéalach Dé a d'fhágach neamhcomhlíonta ag an Chéad Teacht. Ar an gcúis seo, ní mór dó bheith rugadh ar domhan sa colainn.

Ós rud é go gcaithfidh Críost ag an Dara Aidhbhint a h-athchóiriú trí slánaíocht, cúrsa an deonú na h-athchóirithe a d'fhágach gan críochnú ag teacht Íosa, b'fhéidir go mbeidh ar cúrsa den chineál céanna a leanúint. Bhuail Íosa le díchreideamh i measc na ndaoine Giúdach agus bhí ar cúrsa searbh fulaingt a shiúl. Mar an gcéanna, má dhiúltaíonn Críostaithe, an Dara Iosrael, Críost ag an Dara Aidhbhint, beidh ar dul i ngleic leis na cora crua cosúil a d'fhulaing Íosa leis. Beidh ar cúrsa pianmhar Íosa a ath-dhéanamh agus é a h-athchóiriú trí slánaíocht, ach an am seo i rith a shaol domhainda. Ar an gcúis seo, dúirt Íosa, “Ar dtús, áfach, ní foláir dó mórán a fhulaingt agus an diúltú a fháil ón nglúin seo.”(Lúc 17:25)

Ag an gCéad Teacht, bhí ar Íosa sa deireadh an Chéad Iosrael a thréig, a glaotar ar a shon, agus na Críostaithe a thoghadh mar an Dara Iosrael chun tús a chur leis an deonú spioradálta nua. Ar an gcaoi chéanna, ag Dara teacht Chríost, má dhiúltaíonn na Críostaithe é i díchreid, beidh ar iad a thréigean, Tríú Iosrael a ardú suas, agus oibriú leo chun an deonú a thabhairt chun a chomhlíonadh ar an talamh. Más rud é nach gcomhlíonann réamtheachtaí an Tiarna, atá faoi chúram misin mar cinn Eoin Baiste, a gcuid freagrachtaí, ansin beidh ar é féin a ísliú chun ról Eoin Baiste a ghlacadh agus bunús an chreidimh a bhunú don chúrsa substaintiúil sa tríú cúrsa domhainda le Cánan a h-athchóiriú. I gcás den sórt sin, siúlfaidh sé cosán fulaingt.

Aineoinn comh dian is atá an cosán a d'fhéadfadh sé siúl, áfach, ní gheobhaidh Críost ag an Dara Admhint bás gan an deonú na h-athchóiriú a chomhlíonadh. Tá sé seo mar gheall go mbeidh deonú Dé lena Tuismitheoirí Fíor an cine daonna a ardú suas agus cuspóir a chruthú a comhlíonadh trítha rathúil ar an tríú iarracht.

Thosaigh an deonú seo le Ádhamh, faidréisigh amach é trí Íosa, agus beidh sé ina thoradh gan theip ag an Dara Aidhbhint. Thairis sin, mar a phléifear anseo thíos, ó am Íosa tá timpeallacht shóisialta agus dhlíthiúil daonlathach ullmhaithe ag deonú spioradálta na h-athchóiriú Dé a chosnóidh Críost ag an Dara Aidhbhint. Maraíodh Íosa tar éis dona Giúdaigh é a brandáil mar eiriceach agus mar reibiliúnach ag an Impireacht Rómhánach. I gcodarsnacht leis sin, fiú má tá Críost ag an Dara Aidhbhint a ghéarleanúint mar eiriceach, sa tsochaí dhaonlathach a thiocfaidh sé, ní bheidh cúis go leor leis na cúiseamh sin é a daoradh go bás.

Dá bhrí sin, is cuma cé chomh searbh an dhualgas atá ar, beidh Críost ag an Dara Aidhbhint in ann bunús an chreidimh a leagan ar an talamh. Ag seasamh air, baileofaidh sé deisceabail le chreideamh dothreascartha. Treoraidh sé na leanúna seo chun an coinníoll slánaíochta a chomhlíonadh don nádúr tite a thógaint amach agus bunús na substainte a bhunú. Bunófar an bunús don Meisias don chúrsa substaintiúil sa tríú cúrsa domhainda gan teip.

Nuair a bhí Maois an figiúr lárnach sa tríú cúrsa náisiúnta le Canaan a athbhunú, d'oibrigh Dia an dispeansáid chun tús bunaithe ar an charraig. Nuair a bhí Iosua an figiúr lárnach, rinne Dia an dispeansáid chun tús bunaithe ar an uisce ón gearraig, atá níos inmheánach ná an charraig. Ar an gcaoi chéanna, nuair a tháinig Íosa, rinne Dia an dispeansáid chun tús le míorúiltí agus comharthaí, ach ag Dara Admhaint Chríost déanfaidh Dia an dispeansáid chun tús bunaithe ar an Bhriathair, atá níos inmheánach ná míorúiltí agus comharthaí. Mar a mhíníodh níos luaithe, cé gur cruthaíodh an cine daonna tríd an Bhriathair, mar gheall ar an Titim níorbh fhéidir leo a chuspóir a chomhlíonadh. Le cuspóir an Bhriathair a bhaint amach, tá Dia ag obair A Deonú na h-Athchóiriú a chur ar bun trí choinníollacha seachtracha umhláíochta don

Bhriathair. Mar fhocal scoir, ag teacht chríoch stair an deonú, seolfaidh Dia arís an Críost, an ionchoilliú den Bhriathair, agus comhlíonfaidh sé deonú na slánaithe bunaithe ar an Bhriathair.

Léirítear an míniú is doimhne ar chuspóir Dé a chruthú i dtéarmaí caidrimh croí. Mar ár dTuismitheoir inmheánach dofheicthe, chruthaigh Dia an cine daonna mar A leanaí substaintiúla. Cruthaíodh Ádhamh agus Éabha in íomhá Dé, mar na comhpháirtithe obiachta substaintiúla le Dia i bpatrún A dé thréithe. Mar chéad chomhpháirtí obiachta substaintiúla Dé, bhí siad i gceist leo bheith mar Thuismitheoirí na ndaoine. Bhí sé i gceist leo bheith mar fhear céile agus bean chéile, go n'iompróidh agus ardóidh siad leanaí, agus bheith ina dteaghlach fite fúite le croí na dtuismitheoirí, croí an fear chéile agus bean chéile, croí na deartháireacha agus na deirfiúracha, agus croí na bpáistí. Léirófaidh a dteaghlach grá fíor na dtuismitheoirí, grá fíor an fear agus bean chéile agus grá fíor na leanaí. Bheadh seo le bheith an bunús ceithre seasamh a bhaineann amach an cuspóir trí obiachta. Ar an mbealach seo, bhí sé beartaithe ag Dia an Ríocht na bhFlaitheas a thógáil ar an talamh trína chuid leanaí féin, a rugadh as A ginealach neamhaí.

Ba é an príamh tábhacht a bhain leis an Titim ná gur foirmeáil na chéad sinsear daonna cheangal neasc fola leis an Árdaingeal; dá bhrí sin, tá an cine daonna ar fad faoi cheangal le ginealach Sátan. Rugadh gach duine mar leanbh an Diabhal. Thit na chéad sinsear daonna go dtí an áit nach raibh aon cheangal acu a thuille le ginealach Dé. Dá réir sin, is é cuspóir deiridh deonú Dé na h-athchóiriú ná daoine tite, nach bhfuil aon nasc acu le ginealach Dé, a athrú go leanaí a rugadh as ginealach dhíreach Dé. Lig dúinn breathnú níos faide ar an mBíobla i gcomhair fhianaise don gcuspóir i bhfolach seo taobh thiar de deonú Dé.

Bhí teaghlach Ádhamh, a ball a Thit agus a rinne an chéad dúnmharú, gann ar aon chaidreamh le Dia. Ag am Naoi, níorbh fhéidir caidreamh díreach le Dia a h-athchóiriú mar gheall ar botún a dara mac, Ham. Mar sin féin, toisc gur léirigh Naoi díograis mhór, d'fhéadfadh a theaghlach seasamh i gcaidreamh indéreach le Dia, mar sheirbhíseach seirbhísigh. Ba é seo nádúr an chaidreamh daonna le Dia a bhí inbhainte amach roimh aois na Sean-Tiomna.

Bhunaigh Ábhran, athair an chreidimh, lena theaghlach, an bunús teaghlaigh don Meisias. Ardaíodh iadson agus a shliocht, daoine roghnaithe Dé, go seasamh sheirbhísigh Dé. Ba é seo nádúr an chaidreamh daonna le Dia a bhí inbhainte amach i n-Aois na Sean-Tiomna.

I laethanta Íosa, bhí na deisceabail, a sheas ar bhunús an chreideamh a bhí leagtha ag Íosa ó sheasamh Eoin Baiste, ardaithe ó seasamh sheirbhísigh go seasamh páistí uchtaithe. Chun ardú níos faide ón stát seo agus a bheith ina leanaí de ginealach dhíreach Dé, ba chóir dóibh ar dtús bunús na substainte agus an bunús don Meisias a bhunú trí Íosa a fhónamh agus a bheith umhal dó go hiomlán. Má sheas Íosa mar an Meisias ar an bhunús sin, d'fhéadfaí siad a bheith beangaithe leis go spioradálta agus go fisiciúil agus aontas iomlán a dhéanamh leis.

Is é Íosa an t-aon Mhac Dé, gan peaca agus rugadh as A ginealach dhíreach. Is é an fíor-chrann olóige a tháinig chun na daoine tite go léir, na crainn olóige fiáin a beangainiú leis féin. Trí bheith in ann iad a n-aontú le chéile leis féin, bhí sé in ann iad a ghlanadh den bhun pheaca agus iad a athbhunú mar leanaí a rugadh ó ginealach Dé. Is é seo an obair athbhreith, a bhí le stiúradh ag Íosa agus a Brídeach.

Ar an drochuair, chaill fiú deisceabail Íosa féin creideamh, agus fuair Íosa bás ar an gcros gan árdú ó sheasamh Eoin Baiste nó chuir tús leis dualgaisí ceart an Meisias. Tar éis a aiséirí, thosaigh Íosa a chúrsa spioradálta. Leag sé an bunús spioradálta an chreidimh tríd an daichead lá ó a aiséirí go dtí a deascabháil-tréimhse le haghaidh scaradh ó Sátan – fhaid is a sheas sé i n-áit Eoin Baiste spioradálta. D'aithrí a dheisceabail agus d'fhill siad chun freastal air le creideamh; Dá bhrí sin, bunaigh Íosa agus a dheisceabail an bunús spioradálta na substainte agus an bunús spioradálta don Meisias. Ar an bhunús seo, seasann Íosa

mar an Meisias spioradálta agus tá sé ag beangainiú a chuid leanúna dílis leis féin - fiú amháin go spioradálta. Mar thoradh air sin, tá Críostaithe dílis ardaithe chun bheith ina leanaí spioradálta Dé. Ba é seo nádúr an chaidreamh daonna le Dia is féidir a bhaint amach ó am Íosa go dtí an lá atá inniu ann.

Sa deonú spioradálta na h-athchóiriú seo, tá an domhan spiorad athbhunaithe ar dtús, díreach mar san ord cruthú rinne Dia an domhan spioradálta ar dtús. Ardaíodh an cine daonna chun seasamh mar chomhpháirtí obiachta Dé, ach amháin go spioradálta. Mar sin féin, aineoinn cé comh díograiseach is féidir Críostaí a bheith, ós rud é nach bhfuil an bhunpeaca a scaoiltear tríd an colainn bainte as fós, níl sé difriúil ó dhuine dílis d'aois na Sean-Tiomna sa chiall go bhfuil an dá cheann fós faoi cheangal ginealach Sántan. Tá Críostaithe, ar a fheabhas, leanaí uchtaithe Dé, toisc nach dtagann siad as A ginealach. Míníonn sé seo cén fáth a raibh Naomh Pól ag caoineadh, “Agus ní hé an dúlra amháin atá amhlaidh ach sinne féin chomh maith; cé go bhfuil céadtorthaí an Spioraid againn cheana féin, táimidne ag cneadach freisin inár gcroí istigh agus sinn ag feitheamh le go ndéanfar clann dinn, agus go mbeidh ár gcorp fuascailte.”(Rómh 8:23).

Fillfidh Críost ar ais agus athchóirí sé an cine daonna ar fad le bheith mar leanaí fíor Dé. Tiocfaidh sé ar ais sa colainn agus beidh sé rugadh ar an talamh, mar a bhí sé ag a Chéad Theacht. Athchóirí sé trí slánaíocht chúrsa a Chéad Teacht trí é a shiúl arís. Mar a mhínítear thuas, déanfaidh an Chríost a fhíllfidh an dispeansáid chun tús bunaithe ar an Bhriathar agus ansin chuirfidh sé i gcric an bunús don Meisias araon go spioradálta agus go fisiceach. Ar an mbunús sin, beangainiú sé an cine daonna go léir leis féin, ag glanadh an bhunpeaca uatha agus á athbhunú iad mar pháistí Dé, a rugadh as A ginealach.

Ag an gCéad Teacht, leag Íosa bunús teaghlaigh trí dhá dheisceabail déag a roghnú agus trí cheann de na dó dhéag a cheapadh mar a príomh dheisceabail. Sa mhéid seo, bhí sé i gceist aige seasamh locaib a h-athchóiriú trí shlánaíocht, a bhí mar fhigiúr lárnach don bhunús teaghlaigh don Meisias. Trí seachtó leanúna a ardú, leathnaigh Íosa raon feidhme a bhunús go leibhéal an clan. Ar an gcaoi chéanna, tosóidh Críost ag an Dara Aidhbhint trí bhunús teaghlaigh an Meisias a leagan, go spioradálta agus go fisiceach. Ansin leathnóidh sé an raon feidhme chuig an gclan, an tsochaí, an náisiún, an domhan agus an gcosmas. Nuair atá an bunús seo slán, beidh sé sa deireadh in ann an Ríocht Neamh a thógáil.

Ba é cuspóir Dé i ndaoine an Chéad Iosrael a ardú suas ná an bunús a ullmhú le haghaidh Íosa, go bhféadfadh sé an sprioc a bhaint amach chun Ríocht na bhFlaitheas a thógáil nuair a tháinig sé. Nuair a d'iompaigh siad ina choinne, toghadh Dia na Críostaithe le bheith ina Dara Iosrael. Ar an gcaoi chéanna, ba é cuspóir Dé chun an Chríostaíocht a ardú ná bunús a ullmhú do Chríost ag an Dara Admhaint chun an sprioc a bhaint amach le Ríocht na bhFlaitheas a thógáil. Más rud é go gcasadh an saol Críostaí ina gcoinne freisin ina dhiaidh sin, ní fhágfar aon rogha eile do Dhia seachas iad a thréigean agus Tríú Iosrael a thoghadh. Dá bhrí sin, cé go bhféadfadh Críostaithe sna laethanta deireanacha beannachtaí móra a bhaint as, i ndáiríre, cosúil leis na daoine Giúdach lá Íosa, tá a staid thar a bheith mhíshocair. Tá siad faoi dhliteanas bheith in ann titim isteach i náire agus mí-ádh.

3.4 Ceachtanna áirithe ó Chúrsa Íosa

Ar dtús, tugann cúrsa Íosa teagasc dúinn maidir le réamhchinníúint Toil Dé. Réamhchinníonn Dia go hiomlán go gcomhlíonfaidh a Thoil agus ansin oibríonn Sé gan stad go dtí go gcomhlíontar é. Nuair a theip ar Eoin Bhaiste ina misean, rinne Íosa iarracht Toil Dé a bhaint amach ar chostas ar bith, fiú amháin ar an mhéid gur ghlac sé freagracht Eoin air féin. Nuair a chuir díchreid ar chuid na daoine Giúdach frustrachais ar a chuid iarrachtaí chun Ríocht na bhFlaitheas a thógáil, d'fhan Íosa fós absalóideach ina diongbháilteacht agus gheall sé an Toil a chomhlíonadh nuair a thiocfaidh sé ar ais.

Ar aghaidh, léiríonn cúrsa Íosa go bhfuil réamhchinníúint Dé maidir leis an tslí ina bhfuil A chuid Toil le chur i gcrích trí phearsa aonair nó náisiún coinníollach, ní absalóideach. Is é sin le rá, cé go bhféadfadh Dia duine aonair nó náisiún áirithe a roghnú chun cuspóir a bhaint amach i deonú na h-athchóirithe, má mhainníonn sé a fhreagracht a chomhlánú, roghnófaidh Dia go cinnte duine nó náisiún eile chun leanúint ar aghaidh lena chuid oibre. Roghnaigh Íosa Eoin Baiste le bheith ina phríomhdheiscibil, ach nuair a theip ar a fhreagracht a chomhlánú, roghnaigh Íosa Peadar chun é a chur ina ionad. Roghnaigh Íosa Iúdás Ísceiriót le bheith mar cheann dá a dhá dheisceabail déag, ach nuair a theip ar Iúdás, roghnaíodh Maitias chun a áit a ghlacadh. Mar an gcéanna, roghnaigh Dia na daoine Giúdach chun an phríomhfhreagracht a bhaint amach ina chuid deonú na h-athchóirithe, ach nuair a theip orthu, scaipeadh a misean chuig na Gintlí. Léiríonn na cásanna seo go nuair a roghnaíonn Dia duine nó náisiún chun a chuid Toil a chur i gcrích, ní réamhchinníonn sé riamh i dtéarmaí iomlána cibé an gcuirfidh an duine nó an náisiún sin an Toil i gcrích.

Léiríonn cúrsa Íosa freisin nach gcuireann Dia isteach ar iarrachtaí duine a cuid freagrachta a chomhlíonadh, ach déileálann sé leis de réir thorthaí a chuid gníomhartha. Caithfear go raibh fhios ag Dia go raibh Eoin Baiste agus Iúdás Ísceiriót ag cailleadh a greideamh. Go deimhin bhí sé de chumhacht aige stop a chur orthu ó pheacaigh. Ach níor chuir Dia isteach ar a greideamh in aon chuir, ach dhéileáil Sé leo bunaithe ar thorthaí a ngníomhartha amháin.

Mar fhocal scoir, léiríonn cúrsa Íosa gur an mo é an misean atá ag an duine, an mó an tástáil a bheidh air. Tháinig Íosa mar an dara Ádhamh. D'fhonn a mhisean a chomhlánú, bhí ar le h-athchóiriú trí slánaíocht an áit a raibh ag Ádhamh roimh an Titim. Ós rud é gur éirigh Ádhamh díchreideach agus thréig sé Dia, bhí ar Íosa botún Ádhamh a h-athchóiriú nuair a dhiúltaigh Dia air, an t-am ar fad is a léirigh sé creideamh gan athrú. Dá bhrí sin, bhí Íosa cathaithe ag Sátan sa bhfásach agus tréigthe ag Dia ar an crois.

Caibidil 3

Na Tréimhsí i Stair Deonach agus an gCinneadh ar a Fhaid

Alt 1

Tréimhsí Deonach Comhthreomhar

Trí chúrsa stair na cine daonna a scrúdú, is minic a aimsimid cásanna ina n-athdántar na cúinsí éagsúla de tréimhse sa stair arís agus arís eile i bhfoirm den chineál céanna le linn aois níos déanaí. Tá cuid dena staraithe tógtha leis an feiniméin seo agus léiríonn siad go bhfuil an stair ag dul chun cinn i ngluaiseacht bíseach. Ach ní thuigeann siad an chúis bhunúsach. Nuair a athdhéanann tréimhse staire imeachtaí tréimhse roimhe sin, cé go bhfuil difríochtaí i raon feidhme agus céim, tugtar tréimhsí deonach comhthreomhar ar an dá thréimhse.

Mar a mhínítear thíos, is é an chúis atá leis an téarmaíocht seo a úsáid ná toisc go bhfuil an phríomhchúis taobh thiar de na comhthreomhar seo ag luí i deonú Dé na n-athchóirithe.

Cén chaoi a dtagann thréimhsí deonú comhthreomhar chun tarlúint? Tá cúrsaí na staire cruthaithe ag imeachtaí éagsúla i deonú na h-athchóirithe, a thiomáineann stair i dtreo sprioc seasta. Nuair a theipeann ar fhigiúr lárnach sa deonú ina fhreagracht an bunús don Meisias a h-athchóiriú, déantar deireadh leis an tréimhse deonú atá dírithe ar an duine sin. Mar sin féin, ós rud é go bhfuil comhlíonadh iomlán A chuid Toil sa deireadh réamhordaithe ag Dia, roghnaíonn sé duine eile chun leannacht ar aghaidh leis an misean a sheoladh agus osclaíonn tréimhse stairiúil eile sa deonú chun bunús an Meisias a h-athchóiriú trí shlánaíocht. Ós rud é go h-athchóiríonn an tréimhse nua seo ar ais trí slánaíocht an tréimhse roimhe sin, déanfar athdhéanamh arís ar chúrsa le himeachtaí den chineál céanna. Seo é mar a thagann na tréimhsí le bheith comhthreomhar dá chéile.

Mar sin féin, níl an fhoirm agus an t-ábhar céanna beacht ag tréimhsí comhthreomhara, toisc go gcaithfidh an figiúr lárnach i dtréimhse áirithe a h-athchóiriú ina am féin (go cothrománach) na coinníollacha slánaíochta neamhchomhlíonta óna dtréimhsí roimhe sin (go hingearach). An mó a bhíonn an deonú na h-athchóiriú á fadú agus go carnadh coinníollacha slánaíochta, an mó trom a bheidh na coinníollacha slánaíochta a gcaithfidh an figiúr lárnach nua a chomhlíonadh.

Dá bharr sin, beidh an tréimhse comhthreomhar nua difriúil ón tréimhse comhthreomhara roimhe sin in ábhar agus scála.

Is féidir na trí chéim den tréimhse fhás a aicmiú de réir céimeanna éagsúla léirithe: is é an chéim fhoirmiú léiriú sa siombail, an chéim fáis san íomhá, agus an chéim chríochnaithe i substaint. Mar an gcéanna, i bhforbairt na staire, tá imeachtaí chosúla maidir leis an bpatrún seo athdhéanta ag na tréimhsí comhthreomhara insan deonú na h-athchóirithe. Dá bhrí sin, is féidir stair iomlán an deonú na h-athchóirithe a roinnt de réir fhoirm na gcomhthreomhar: is é Aois an Deonú chun an Bhunús um Athchóiriú a leagan amach ná aoise na comhthreomhar siombalach, is é Aois an

Deonú na h-Athchóirithe ná an aois de comhthreomhar íomhá, agus Aois Leathnú an Deonú na h-Athchóirithe, an aois de comhthreomhar substaintiúil.

Ina dhiaidh sin, lig dúinn scrúdú a dhéanamh ar na príomhfachtóirí a chinneann foirmiú tréimhsí comhthreomhar deonach. Tárlionn tréimhsí deonacha comhthreomhar mar gheall ar dispeansáidí a atharlaíonn arís agus arís eile chun an bunús don Meisias a h-athchóiriú. Dá réir sin, na fachtóirí a chinneann foirmiú tréimhsí comhthreomhar deonacha ná: an chéad cheann, na trí choinníollacha is gá ar son bunús an chreidimh (an figiúr lárnach, an obiacht don gcoinníoll agus an tréimhse uimhriúil slánaíochta) agus an dara ceann, an coinníoll slánaíochta don nádúr tite a bhaint as, is gá chun bunús na substainte a h-athchóiriú.

Bunaithe ar na fachtóirí seo, tá dhá thréith de thréimhsí comhthreomhar deonach a seasann amach. Sa gcéad dul síos, déantar chinneadh ar faid na dtréimhsí comhthreomhar deonacha bunaithe ar líon seasta glúnta nó blianta den tréimhse slánaíochta is gá chun bunús an chreidimh a athbhunú. I deonú na h-athchóirithe, nuair a theipeann ar fhiigiúr lárnach a fhreagracht a chomhlánú agus is chúis leis seo an Toil a leathnú, athdhéanann Dia a chuid oibre trí fhiigiúirí lárnacha eile go dtí go mbainfear amach an athchóiriú deiridh ar bhunús cailte an chreidimh. I ngach dispeansáid, ní mór an tréimhse slánaíochta uimhriúil chun an bunús seo a athchóiriú a athdhéanamh i bhfoirm éigin. Ar an gcúis seo, tá chosúlacht fad ag na tréimhsí comhthreomhara sa stair, gach ceann acu a léiríonn an líon seasta blianta nó glúnta céanna. Is é cuspóir na caibidle seo an t-ábhar seo a phlé go mion.

Ar an dara dul síos, tá na comhthreomhar sa stair múnlaithé ag na trí fhachtóir deonacha eile: an figiúr lárnach agus an obiacht atá ann don coinníoll a thairgtear chun bunús an chreidimh a bhunú, agus an coinníoll slánaíochta chun an nádúr tite a bhaint as don bunús na substainte. Is é an cuspóir atá ag deonú na h-athchóirithe sa deireadh ná an bunús don Meisias a h-athchóiriú. Dá réir sin, nuair a bhíonn an deonú fadaithé, déantar fadaíocht freisin ar na dispeansáidí éagsúla a bhaineann leis an bhunús seo a athdhéanamh. Ós rud é nach féidir an bunús don Meisias a bhunú ach trí bhunús an chreidimh a bhunú ar dtús tríd an tairiscint shíombalach agus ansin bunús na substainte a leagan síos tríd an tairiscint shubstaintiúil, tá stair deonach ag athdhéanamh dispeansáidí ionas go n-athchóirfidh na tairiscintí seo. Múnlaigh na dispeansáidí sin na comhthreomhar idir tréimhsí deonach. Déanfaimid cur síos níos leathne ar an ábhar seo sa chéad chaibidil eile.

Alt 2

An Líon Glúnta nó Blianta i Tréimhsí Aois an Deonú chun an bunús na h-Athchóiriú a leagan

2.1 An Fáth agus an Treo a Fadítear an Tréimhse Athchóirithe

Fadaíocht deonú Dé do dhaonnacht an bunús a leagan don Meisias, an Meisias a fháil, agus an sprioc deiridh na h-athchóirithe a bhaint amach ó lá Ádhaimh trí laethanta Naoi, Ábhram, Maois agus ar deireadh go lá Íosa. Nuair a maraíodh Íosa gan a chuspóir deiridh a bhaint amach de

bharr an díchreideamh a bhí ag daoine, bhí an deonú na h-athchóiriú fadaíthe arís go dtí am an Dara Teacht.

Cén fáth ar fadaíogh an deonú na h-athchóirithe? Ní féidir freagra a thabhairt ar an gceist seo ach le tuiscint ar an phrionsabal na réamhchinníúint. De réir an phrionsabail seo, ós rud é go réamhchinníonn Dia go hiomlán A Toil, baineadh Sé é amach go cinnte lá amháin. Mar sin féin, tá cibé ma chomhlíontar Toil Dé trí aon duine ar leith coinníollach ar comhlíonadh a chuid freagrachta, atá i dteannta le cuid freagrachta Dé. Dá réir sin, nuair nach gcomhlíontar an Toil toisc gur theipeann ar an duine freagrach, roghnóidh Dia duine eile i ré difriúil chun a áit a glacadh. Leanfaidh Dia Lena chuid oibre go dtí go gcomhlíontar é go h-iomlán, ag fadú an deonú sa phróiseas.

Ar aghaidh, lig dúinn scrúdú a dhéanamh ar an gcaoi a bhfuil an deonú na h-athchóiriú á fadú. De réir Phrionsabal an Chruthú, is é Dia neach den uimhir trí. Déantar gach rud a cruthaíodh ina cosúileacht féin a léiriú trí phróiseas trí chéim maidir lena modh bheithsine, gluaiseacht agus fás. I n'fhonn le aon eintiteas cuspóir na cruthú a chomhlíonadh trí an bhunús ceithre seasamh a bhunú lena gluaiseacht sféarúil, caithfidh sé dul trí na trí chéim de ghníomhaíocht bunús-rannán-aontais agus dul i n-idirgníomhaíocht le trí chomhpháirtí obiachta chun an chuspóir na trí obiachta a bhaint amach. Is é an deonú chun cuspóir na chruthaithe a h-athchóiriú ná athchruthú bunaithe ar an Bhriathar. Dá bhrí sin, aon uair a fadítar an deonú na h-athchóiriú, féadfaidh sé a mhéadú comh fada suas le trí chéim. Ar bhonn Phrionsabal an Chruthú, ceadaítear suas le trí iarracht.

Mar shampla, nuair a theip ar Cáin agus Áibíl i teighlach Adhaimh an tairiscint shubstaintiúil a dhéanamh, athdhéanadh an dispeansáid arís i dteaghlaigh Noai agus Ábhram, agus chomhlíonfar é ar an tríú iarracht. Nuair a rinne Ábhram a botún sa thairiscint siombalach, bhí an dispeansáid fadithe trí Íosaic agus chomhlíonta ag Iocaib. Leathnaíodh na cúrsaí chun Cánan a h-athchóiriú faoi cheannaireacht Mhaois agus Íosa araon go trí chúrsa. Nuair a theip ar Rí Sól an Teampaill a thógáil, fadaíogh an dispeansáid seo trí dhá ríthe níos mó: Daithi agus Solamh. Tá an t-idéalach chruthaitheachta Dé, nach raibh bainte amach le Ádhamh, tar éis fanacht ar an dara agus an tríú deonú chun é a bhaint amach: trí Íosa, an dara Ádhamh, agus ansin trí Chríost ag an Dara Admhaint. Déanann seanfhocail coitianta, mar shampla an ráiteas Cóiréis ag rá “Mura ndéantar é a dhéanamh sa chéad iarracht, déanfar é a dhéanamh cinnte ag an tríú,” macasamhail an ghné seo den Phrionsabal a léiriú mar eagna laethúil.

2.2 Coinníollacha Slánaíochta Ingearach agus Athchóiriú Cothrománach trí Shlánaíocht

Le oidhriú agus chomhlánú na misin a réamhtheachtaí i stair deonach, ní mór d'fhiigiúr lárnach atá freagrach as deonú na h-athchóirithe na coinníollacha slánaíochta go léir a thriail a réamhtheachtaí a dhéanamh a chomhlíonadh, i mbeagán ama. Má theipeann an figiúr lárnach seo ina mhisean freisin, beidh na coinníollacha slánaíochta go léir a thriail sé a chomhlíonadh rithe síos go dtí an chéad duine eile a bhfuil an fhreagracht chéanna aige. Tugtar coinníollacha slánaíochta ingearacha ar na coinníollacha a bhailíonn le linn cúrsa na staire mar gheall ar theipeanna figiúirí lárnacha chun a bhfreagracht a chomhlánú. Tugtar athchóiriú cothrománach trí slánaíocht ar chúram an fhiigiúir lárnach chun na coinníollacha seo go léir a chomhlíonadh i mbeagán ama.

Mar shampla, bhí ar Ábhram na coinníollacha slánaíochta ingearacha a h-athchóiriú go cothrománach trí shlánaíocht a ndearna teaghlach Ádhamh agus teaghlach Naoi iarracht a chomhlíonadh roimhe sin. Trí na trí íobairtí á thairiscint ag an am céanna ar an altóir céanna, bhí Ábhram le h-athchóiriú go cothrománach trí shlánaíocht na coinníollacha slánaíochta ingearacha a bhí carntha i rith na thrí dispeansáidí den deonú fadaíthe. Léirigh na trí thairiscintí na coinníollacha go léir nach bhféadfadh Ádhamh agus Naoi a chomhlíonadh, chomh maith leo siúd a raibh ar Ábhram a chomhlíonadh mar an figiúr lárnach nua.

Bhí ar Iocaib, ina chúrsa, coinníoll a chomhlíonadh in am gearr lena h-athchóiriú go cothrománach trí shlánaíocht na coinníollacha slánaíochta ingearacha a bhí carntha trí na dhá ghlúin déag ó Naoi. Chun na críche sin, tugadh dhá mhac déag dó as a h-oidhrigh an dá threibh déag d'Iosrael.

Bhain Íosa leas as an modh seo chun athchóiriú go cothrománach trí shlánaíocht na coinníollacha slánaíochta ingearacha carntha go léir a bhí fágtha neamhchomhlíonta ag na sinsear, na fáithe agus na ríthe a bhí i gceannas ar an deonú i rith na ceithre mhíle bliain de stair bhíobalta go dtí a chuid ama. Mar shampla, roghnaigh Íosa dhá deisceabal déag agus seachtó leanúna i n'fhonn na coinníollacha slánaíochta ingearacha a bhí carntha ó chúrsa Iocaib a h-athchóiriú in am gearr, ina raibh Dia ag obair leis dá mhac déag Iocaib agus seachtó daoine muinteartha, agus ó chúrsa Maois, inár d'oibrigh Dia lena dhá threibh déag d'Iosrael agus seachtó seanóirí. Thairis sin, troisc Íosa ar feadh daichead lá i n'fhonn na coinníollacha slánaíochta ingearacha go léir i bhfoirm daichead le haghaidh scaradh ó Sátan a h-athchóiriú go cothrománach, a bhí riachtanach chun bunús an chreidimh a bhunú. Sa chiall seo, is féidir linn a thuiscint go seasann gach figiúr lárnach i deonú na h-athchóiriú, ní hamháin dó féin mar dhuine aonair, ach léiríonn sé na sinsir, na fáithe agus na naomh go léir a raibh an misean céanna acu roimhe seo. Iompraíonn sé torthaí a obair sa stair taobh istigh dó fhéin.

2.3 Athchóiriú Cothrománach trí Shlánaíocht déanta go h-Ingearach

Uaireanta baintear amach athchóiriú cothrománach trí dispeansáid ingearach a d'fhéadfadh glúine leithleach a thrasnaigh. Bhí sé seo mar an gcéanna leis an deonú na h-athchóiriú i dteaghlach Ábhram. Trí thairiscint siombalach inghlactha a dhéanamh, bhí sé ceaptha go n-athchóirfidh Ábhram go cothrománach trí shlánaíocht na coinníollacha slánaíochta ingearacha go léir a bhí carntha de bharr botúin theaghlach Ádhamh agus teaghlach Naoi. Mar gheall ar a botún sa tairiscint bhí teip eile agus moill insan deonú.

Mar a mhínítear thuas, ós rud é go raibh seo an tríú iarracht sa deonú chun bunús an teaghlach a h-athchóiriú don Meisias, theastaigh an Prionsabal go gcuirfeadh a theaghlach Toil Dé i gcrích gan teip. Dá bhrí sin, in ainneoin a teip, cuardaigh Dia bealach chun Ábhram a mheas mura nach raibh botún déanta aige, ach go raibh na coinníollacha slánaíochta ingearacha athchóirithe go cothrománach gan aon fhadú. Ar son na críche sin, chuir Dia dispeansáid speisialta ar bun: chuir Sé iallach ar Ábhram, Íosaic agus Iocaib na coinníollacha slánaíochta riachtanacha a chomhlíonadh fhaid is a d'fhéach Sé ar na trí dhuine sin mar dhuine amháin i leith a Thoil. Dá bhrí sin, in ainneoin an fadúcháin ingearach seo trí thrí ghlúine, tháinig bua Iocaib agus bua Íosaic chun bheith mar bua Ábhram féin, a bhaineadh amach ina ghluain fhéin gan aon moill. Léirítear aontais na trí glúine seo i n-ainmniú Dé ar Féin mar “an Dia d'Ábhram, an Dia d'Íosaic, agus an Dia d'Iocaib.”

Dá bhrí sin, d'fhéadfadh Dia creidmheas a thabhairt d'Ábham go raibh chomhlíonta, ina glúin féin, na coinníollacha slánaíochta cothrománacha a theip ar dhéanamh, trí iad a chomhlánú go hingearach trí ghlúin Íosaic agus Iocaib. Tugtar athchóiriú cothrománach trí shlánaíocht ar an gcineál athchóirithe seo a dhéantar go hingearach.

2.4 Tréimhsí Slánaíochta Uimhriúla chun Bhunús an Chreidimh a h-Athchóiriú

Ní mór d'fhiigiúr lárnach tréimhsí slánaíochta uimhreacha amháin nó dhó a chomhlíonadh i n'fhonn bunús an chreidimh a h-athchóiriú. Lig dúinn na cúiseanna atá leis seo a scrúdú. Maireann Dia ar A phrionsabal, a bhfuil gné uimhriúil leis. Cruthaíodh na cruinne, le daoine ar a lár, bunaithe ar an phrionsabail uimhriúla chun na dhá tréithe a bhí ag Dia dofheicthe mar pháirtí obiachta substaintiúil a nochtadh. Is é seo an chúis atá leis an forbairt a tharlaíonn trí eolaíocht, atá ag iarraidh na dlíthe seachtracha a rialaíonn na cruinne a fháil, trí úsáid taighde déanta le cabhair na matamaitice. Bhí na chéad shinsearaithe daonna le bheith críochnaithe trí dul tríd thréimhse fás tréithrithe le umhreacha áirithe, mar sin ag bunú bunús an chreidimh. Ina gcuid foirfeachta, bhí siad le h-ionchoilliú caighdeán na n-uimhreacha sin. Ní mór dúinn na nithe seo a fhiosrú toisc nach éilíonn athchóiriú bunús an chreidimh amháin go gcuirfimid obiacht ar fáil don coinníollach, rud a shamhlaíonn na cruinne i ngéibheann le Sátan, ach freisin go dtéanaimid trí thréimhse slánaíochta uimhriúla chun na huimhreacha a thruailligh Sátan a h-athchóiriú.

Bunaithe ar cén uimhreacha a bhí na chéad sinsear daonna, roimh an Titim, le bunús an chreidimh a leagan amach? Cad iad na huimhreacha a bhíodar le bheith ionchorpraithe i ina gcuid foirfeachta? D'fhoghlaimir i bPrionsabal an Chruthú nach féidir aon eintiteas a bheith ann ná a bheith rathúil gan bunús ceithre seasamh a bhunú. Dá réir sin, bhí ar Ádhamh agus Éabha ina n-anabaíocht bhunús ceithre sheasamh a foirmeáil ar son a mbheithsine. Caithfidh gach seasamh sa bhunús ceithre seasamh dul tríd na trí chéim den tréimhse fás, ag déanamh dhá cheann déag i n-iomláin. Ina theannta sin, déanann gach seasamh sa bhunús cheithre seasamh an chuspóir trí obiachta trí trí chomhpháirtí obiachta a ghlacadh, ag déanamh i n-iomláin dhá obiachta déag agus ag chomhlíonadh an cuspóir dhá obiachta déag. Dá réir sin, bhí an tréimhse fás le linn a raibh Ádhamh in ann bunús an chreidimh a bhunú ina thréimhse chun an uimhir dó dhéag a chomhlíonadh. Le linn dóibh bheith ina neamhabaíocht, bhí na chéad sinsear daonna le bunús an chreidimh a leagadh bunaithe ar an uimhir dó dhéag, agus i bhfoirfeachtas bhíodar le fáil ar an chuspóir dhá obiachta déag agus dá bhrí sin caighdeán an uimhir dó dhéag a h-ionchoilliú.

Mar gheall ar a n-titim, thruailligh Sátan an uimhir seo. Dá bhrí sin, ní mór d'fhiigiúr lárnach i deonú na h-athchóirithe dul tríd thréimhse slánaíochta chun an uimhir dó dhéag a h-athchóiriú i bunús an chreidimh á leagan síos. Ní féidir leis ach ar mbunús sin bunús na substainte a leagan síos chun athchóiriú a dhéanamh ar ionchoilliú foirfe de caighdeán an uimhir a dó dhéag.

Is iad seo a leanas roinnt samplaí den tréimhse slánaíochta chun an uimhir dó dhéag a athchóiriú: na 120 bliain a ghlac sé do Naoi chun an áirse a thógáil, na 120 bliain den deonú chun Cánan a h-athchóiriú faoi cheannaireacht Maois, agus na 120 bliain ón uair a ghlaoigh Dia ar Ábham go dtí gur cheannaigh Iocaib an cheart-breithe ó Éasáú i gcomhair roinnt arán agus lintilí. De réir mar a phléfaimid thíos, bhí an tréimhse dheireanach seo le hathchóiriú ag an tréimhse 120 bliain den ríocht aontaithe san Aois Sean-Tiomna, agus san Aois Nua Tiomna ag an tréimhse 120 bliana comhfhreagrach den impireacht Chríostaí faoi Charlemagne agus a mic.

Bhí ag teastáil chomh maith insan próiseas aibithe a raibh Ádhamh agus Éabha ag leagadh bunús an chreidimh ná tréimhse leis an uimhir ceathair a chomhlíonadh. Bhíodar le dul tríd na trí chéim den tréimhse fás agus dul isteach i réimeas tiarnas dhíreach Dé, atá an ceathrú céim. Ag an bpointe sin, bheadh bhunús an gceithre seasamh críochnaithe acu. Dá réir sin, trí an uimhir ceathair a chomhlíonadh, bhí na céad sinsear daonna le bheith ina h-ionchoilliú daonnach foirfe de. Mar gheall ar an Titim, bhí an t-uimhir seo truaillithe ag Sátan. Dá bhrí sin, ní mór do fhigiúirí lárnacha sa deonú tréimhse slánaíochta a chomhlánú chun an uimhir ceathair a h-athchóiriú agus bunús an chreidimh á leagadh síos. Ní ach ar an mbunús sin an féidir leo bunús na substainte a leagan síos le athchóiriú a dhéanamh den ionchoilliú foirfe de caighdeáin an uimhir ceathair.

Míníodh cheana féin go bhfuil gá le tréimhsí slánaíochta chun an uimhir ceathair a h-athchóiriú chun bunús an chreidimh a h-athchóiriú. I measc na n-samplaí seo tá: breithiúnas tuile daichead lá Naoi, troscáí daichead lá Maois, na misean daichead lá chun talamh Cánan a spiarach amach, troscadh daichead lá Íosa, agus an daichead lá de ministreacht an Íosa athbheochan.

Is é an tréimhse fás freisin an tréimhse chun an uimhir fiche h-aon a chomhlíonadh. Bhí na céad sinsear daonna le bheith ina n-ionchoilliú foirfe den uimhir fiche h-aon trí bunús an chreidimh a leagadh trí thréimhse bunaithe ar an uimhir fiche h-aon agus ansin an cuspóir na chruthú a bhaint amach. Mar gheall ar an Titim, áfach, bhí an uimhir seo truaillithe ag Sátan. Dá réir sin, ní mór d'fhigiúirí lárnacha sa stair tréimhse slánaíochta a chríochnú chun an uimhir fiche h-aon a h-athchóiriú i mbunús an chreidimh á leagan síos. Ní ach ar an mbonn sin an féidir leo an mbunús na substainte a leagan don athchóiriú de ionchoilliú foirfe de caighdeáin an uimhir fiche h-aon.

Chun tábhacht an uimhir fiche h-aon a thuiscint, ba cheart dúinn tuiscint a fháil ar dtús ar tábhacht na n-uimhreacha trí, ceathair agus seacht sa Prionsabal. Is é Dia, a bhfuil i mbeithsine Lena dhá saintréithe i n-aontas suaimhneach, neach den uimhir trí. Tá an cruthú foirfite nuair a bhainneann sí amach aontas le Dia sa bhunús ceithre sheasamh. Dá bhrí sin, ar mhaithe le duine aonair a bheith foirfe, caithfidh sé bunús ceithre sheasamh a foirmeáil taobh istigh dó fhéin ina bhfuil an intinn agus an corp ina tríonóide, agus is é Dia a lár. Chun fear agus bean a bheith ina fear céile agus bean chéile foirfe, caithfidh siad bonn ceithre seasamh a thógáil ina bhfuil siad ina tríonóide le Dia mar a n-ionad. Chun an t-uilebhith foirfeachtas a bhaint amach, caithfidh sé bhunús ceithre sheasamh a dhéanamh ina rinneadh daoine agus an domhan nádúrtha tríonóide le Dia mar a n-ionad.

